



Iascach Intíre Éireann **Tuarascáil Bhliantúil** 2014



Iascach Intíre Éireann
3044 Céide an Locha,
Campas Gnó Iarthar na Cathrach,
Baile Átha Cliath 24,
Éire.

Teil: +353 1 8842 600

Gréasán: www.fisheriesireland.ie
Riomhphost: info@fisheriesireland.ie



Iascach Intíre Éireann
Tuarascáil Bhliantúil
2014







Clár na nÁbhar



Ráiteas Misin	5
Raiteas an Chathaoirligh	6
Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh	9
Na hUimhreacha 2014	10

Tuarascálacha na Rannóg

CÚRSAÍ FEIDHMIÚCHÁIN IFI 2014

- Acmhainn an Iascaigh a Chosaint	15
- An Timpeallacht agus Cúrsaí Éisc	17
- An tIasc a Thabhairt Slán	20
- Bainistíocht maidir le Locha agus Aibhneacha	21
- An Bhainistíocht maidir le Speicis Ionracha Uisce	23
- Saoráidí	27

TAIGHDE & FORBAIRT IFI 2014

- An Breac Geall	29
- An Bas	31
- Clár Clibeála maidir le hIasc Spóirt Mhara	32
- Iasc Garbh	33
- An Breac Donn	34
- An Bradán	35
- An Treoir maidir le Gnáthóga agus Clár Leabhar Dearg na Sonraí faoi Iasc	36
- An Chreat-Treoir Uisce	37
- An Clár Monatóireachta Náisiúnta maidir leis an Eascann	38
- An Clár Comhshaoil um Fhorfheabhsú Aibhneacha	40
- Seirbhísí Saotharlainne	41

FORBAIRT GNÓ IFI 2014

- Forbairt Gnó & Cumasú na nGeallsealbhóirí	43
- Margaíocht & Bolscaireacht	47
- Bainistíocht i ndáil leis an mBradán	50

ACMHAINNÍ DAONNA IFI 2014

55

CÚRSAÍ AIRGEADAIS & TEC IFI 2014

- Bainistíocht Airgeadais	59
- Cúrsaí Rialachais	62
- Ráiteas an Chathaoirligh faoin Rialú Airgeadais Inmheánach	63

AGUISÍNÍ

67





Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Misean Iascach Intíre na hÉireann



A chinntiú go ndéantar na hacmhainní nádúrtha luachmhara, an t-iascach intíre agus an slatiascaireacht farraige, a chaomhnú, a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur chun cinn ar a mbonn féin ionas go dtugtar toradh tairbhe i gcrích maidir leis an bpobal agus leis an timpeallacht.

Príomhfheidhmeanna Iascach Intíre Éireann

Iascach Intíre Éireann (IFI) an ghníomhaireacht reachtúil ar a leagtar freagracht as an iascach intíre in Éirinn. Feidhmíonn IFI faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR).

Leagtar amach an príomhfheidhm atá le hIascach Intíre Éireann in Alt 7 (2) den Acht um Iascach Intíre 2010. Is é feidhm sin an acmhainn a ghabhann leis an iascach intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. Is iad seo a leanas feidhmeanna ginearálta IFI:

- (a) caomhnú, cosaint, bainistiú, margú, forbairt agus feabhsú iascach intíre, lena n-áirítear slatiascaireacht farraige, a chur chun cinn, tacú leis na nithe sin, iad a éascú, agus comhairle a thabhairt don Aire maidir leo,
- (b) beartas agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le hiascaigh intíre, lena n-áirítear slatiascaireacht farraige, a fhorbairt agus comhairle a thabhairt don Aire maidir leo, agus,
- (c) a chinntiú go ndéantar beartas agus straitéisí a fhorbraítear faoi (b) a chur i ngníomh agus a chur i gcrích de réir mar a chomhaontófar leis an Aire.



Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2014 Iascach Intire Éireann (IFI) a chur i láthair. Leagtar amach príomhfheidhmeanna IFI in Alt 7 den Acht um Iascach Intire 2010. Is iad na feidhmeanna iad acmhainní na n-iascach intire agus slatiascaireachta a chaomhnú, a chosaint, a bhainistiú, a mhargú, a fhorbairt agus a fheabhsú. Tugtar cuntas ardleibhéil sa tuarascáil seo ar an obair a rinneadh agus ar na seirbhísí a cuireadh IFI ar fáil i rith na bliana 2014.

De réir alt 13.1 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009;

- (i) Níor tharla aon chor suntasach ó thaobh cúrsaí airgeadais in 2014 agus níor bhunaigh an Bord aon fhochuideachta, níor glacadh páirt i gcomhfhiontar agus ní bhfuarthas scaireanna;
- (ii) Chloigh an Bord le gach nós imeachta cuí maidir le tuairiscíocht airgeadais, iniúchadh inmheánach, solathar agus diúscairt socmhainní;
- (iii) Rinne an Bord de réir gach dualgas atá air faoi dlí maidir le cúrsaí cánachais;
- (iv) Tá ráiteas faoi chóras an Bhoird don rialú airgeadais inmheánach ar fáil sa tuarascáil bhliantúil seo chomh maith;
- (v) Cuireadh i bhfeidhm na Cóid Iompair Ghnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe agus cloíodh leo. Tá na Cóid sin ar fáil ar láithreán gréasáin IFI;
- (vi) Chloigh an Bord le polasaí an Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus pá na bhfostaithe go léir;
- (vii) Chloigh an Bord le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí a íoc le Stiúrthóirí.
- (viii) Níor tharla aon eachtraí suntasacha ó thráth dháta an chlár chomhardaithe i leith go dtí tráth an lae inniu;
- (ix) Chloigh an Bord leis na Treoirlínte maidir le Measúnú agus Bainistiú i ndáil le Tograí Caiteachas Caipitil;
- (x) Chloigh an Bord le gach coinníoll a bhaineann le Polasaí an Rialtais maidir le cúrsaí Taistil;
- (xi) Rinne comhaltaí uile an Bhoird Leasanna a Nochtadh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009.
- (xii) Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 glactha chuige féin ag an mBord agus tá an Bord ag cloí le forálacha an Chóid.

De réir Alt 13.2 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, féadaim a dhearbhu nár tharla aon chor nua a bheadh i gair ó thaobh na tráchtála sna sé mhí roimhe seo.

Is iad bunluachanna IFI cultúr luach ar an airgead a spreagadh agus go mbaintear archaighdeán feabhais amach i ngach rud a dhéanann IFI. Maidir leis seo lean IFI den athchóiriú chun éifeachta ar a gcuid imeachtaí agus den iarracht éifeachtúlacht na heagraíochta a fheabhsú i leith próiseas gnó. Ghlac an Bord IFI ról ceannasach in athstruchtúru na heagraíochta chun a chinntiú go mbeidh IFI ullamh do na dúshláin atá roimh an earnáil lena mbaineann sí, earnáil na n-iascach intire atá dírithe chun custaiméara, agus na dúshláin atá roimh an earnáil phoiblí i gcoitinne. Maidir leis seo leagadh béim leanúnach ar íslíú costaisí agus ar chur chuige straitéiseach i leith dearcadh agus ghníomhaíochtaí IFI.

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur chun cinn




Ráiteas an Chathaoirligh



Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo sin atá ina gcomhaltaí ar an mBord in éineacht liom as an gcúnamh ar fad agus ba mhaith liom buíochas faoi leith a chur in iúl chomh maith don bheirt chomhalta a d'fhág an bord i rith na bliana, Muireann O'Neill agus Michael McGreal as a gcuid obair chrua agus a dtiomantas don iascach. Cuirim fáilte roimh bheirt chomhaltaí a tháinig ar an mBord in 2014. Ba mhaith liom, thar ceann na gcomhaltaí Boird, buíochas a chur in iúl d'fhoireann IFI, murach iad ní bheadh ann don obair atá sa tuarascáil seo. Is daoine an-nuálach iad a léiríonn acmhainn ina gcuid oibre agus atá cleachtach anois ar shíorathrú a gcúinsí oibre agus leanann siad den sáriarracht agus seirbhís iascach den scoth á tabhairt i gcrích acu.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a chur in iúl don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Alex White TD agus don Aire Stáit sa Roinn sin, Joe McHugh TD, agus d'oifigigh na Roinne mar gheall ar an gcúnamh taca a thugann siad dúinn.

Brendan O'Mahony
Cathaoirleach



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2013 (IFI) a chur i latháir. Tugtar cuntas ardleibhéil sa tuarascáil seo ar an obair a thug IFI faoi le bliain anuas. Tá leagan amach na tuarascála difriúil ó bhlianta eile. Leagadh béim níos mó ar an gcur i lathair le go mbeidh an t-eolas is tábhachtaí níos soiléire don léitheoir, chomh maith le tuilleadh nascanna a sholáthar chuig láthair gréasáin IFI áit a fhoilsítear tuarascálacha níos mine. Tá IFI mórtasach as bheith ina heagraíocht thearc agus as luach a thabhairt don cháiníocóir sna himeachtaí uile a chuireann sí ar siúl. Is ar an mbonn seo a cuireadh clár eile cuíchóiriú i bhfeidhm in 2014 agus, le tacaíocht an Bhoird, tá béim á athleagan ar an sainchúram reachtúil lárnach. Fuair IFI deontas €24.417 milliún ón státchiste i rith thréimhse na tuarascála seo, a raibh €17.618 milliún de á chur i leith costaisí. Anuas air sin ghnóthaigh IFI €4.1 milliun dá hacmhainní féin, ar úsáideadh méid suntasach de chun billí a íoc agus úsáideadh an fuilleach chun cláir agus an eagraíocht féin a reachtáil.

I gcaitheamh na bliana ghlac Bord Iascaigh Intíre ról an-ghníomhach i gcur i bhfeidhm Plean Corporáideach na heagraíochta agus mar pháirt den phroiseas seo thug siad faoi deara go raibh méid áirithe láidreachtaí, laigeachtaí, deiseanna agus bagairtí ann. Ó thaobh cúrsaí inmheánacha, ar na bagairtí ba shuntasai a tugadh faoi deara ba é próifíl aoise na foirne a sheas amach i gcomhthéacs na n-imeachtaí is gá a thabhairt faoi. Ina ainneoin sin, is cúiteamh mór é dearcadh fíordhearfach na foirne i leith obair IFI agus a dtiomantas dá spriocanna. Maidir le cúrsaí seachtaracha, ábhar imní don Bhord é stádas na stoc salmainide agus go háirithe an drochthionchar is féidir le míola mara a imirt ar shalmainide ar imirce. Amhail go leor blianta roimhe seo ba bhliain dhúshlánach í seo, ach le cúnamh an Bhoird agus béim mhór á leagan ar mhórchéistean straitéiseacha, d'éirigh linn go leor dúshlán mhóra a shárú.

Ba mhaith liom ómós ar leith a chur in iúl do lucht foirne a chloíonn le sainchúram IFI in aineoinn cúinsí deacra agus athraitheacha. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a chur in iúl do Bhord IFI as a gcuid tacaíochta maidir le baint amach an phlean gnó dúshlánach a leagadh amach don eagraíocht.

An Dr Ciarán Byrne
Príomhfheidhmeannach



Na hUimhreacha 2014



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



678
Gabháil
Fearas
Mídhleatach



82
Cás Cúirte



253
Fógra Muirear
Seasta a eisíodh

27,683
Patról lascaigh



2%
(méadú 42%)



5%



93%

€270,225
a caitheadh
ar 96 togra maidir le
saoráidí slatiascaireachta



169 cinn nua de dhroichid
coisíochta, sheastáin,
stíleanna a cuireadh
isteach



Spás
lascaireachta

321
NUA



Uimhreacha 2014

Bradán

36% de Bhradáin a gabhadh le slat agus a cuireadh ar ais



57 Abhainn Oscailte



30 Breith agus Scaoileadh Saor



56 Abhainn Dúnta

143 Iomlán na nAibhneacha 2014

Ó aimsir na 1970aidí i leith tá clibeáil déanta ar breis agus

44,000

lasc Spóirt Mhara

ina measc, 19,750 siorc gorm
siorc gorm



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

1,081
láthair taobh istigh
de 34 dobharcheantar
a rinneadh leictriascaireacht
orthu d'fhonn suirbhéarachta
ar an líon bradáin.



rinne geallsealbhóirí
4,501,847

leathanach a rochtain ar ábhar bainteach
le cúrsaí slatiascaireachta in Éirinn,
le cúrsaí bithshlándála, le speicis ionracha,
le bainistíocht iascaigh, le tionscadail t
aighde agus le comhairle faoin gcomhshoil.

48

alt a foilsíodh sna meáin
shlatiascaireachta mar thoradh ar
chuaireanna ó lucht na meán, arna
n-urrú ag IFI, anuraidh - cothrom le
teacht isteach €339,000 de réir an
ghnáthrata fógraíochta

€410,000
an méid a cuireadh ar fáil do chlubanna,
d'úinéirí iascaigh, d'iascairí tráchtála
bradáin, agus d'eagraíochtaí eile trí
Chiste Chaomhnú an Bhradáin, Chiste
Iascaigh Lár Tire agus Chiste na
gComharchumann



Acmhainn Iascach Intíre agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Oir Chun Cinn



Bearta Feidhmiúcháin



Tá IFI ag leanacht den leas is fearr a bhaint as infheistíocht an stáit maidir le cosaint agus caomhnú a dhéanamh ar an iascach intíre trí ghnáis oibre nuálacha maidir le cúrsaí cosanta agus comhshaoil a fhorbairt agus na gnáis seo a chur i bhfeidhm timpeall na tíre. Sa Rannóg Feidhmiúcháin, tá ceannfheidhmeannach agus seisear Stiúrthóirí as na Ceantair Abhantraí (RBD), i réigiúin ar fud na tíre, agus faoin struchtúr seo tá 240 ball foirne sa rannóg.

Cuireadh próisis sheanbhunaithe fhónta i bhfeidhm i rith na bliana 2014, chomh maith le modhanna nuálacha, mar shampla patról i gcadhcanna, ar rothair agus le cabhair mhadra agus úsáid á bhaint as teicneolaíocht don fhaireachas ceilte, agus tháinig feabhas mór ar chúrsaí éifeachtachta agus críochnúlachta dá bharr.

Tugann an fhoireann allamuigh faoi gach cineál beartaíochta, lena n-áirítear forbairt, cosaint agus gnéithe comhshaoil maidir leis an iascach. I rith na bliana chuidigh an fhoireann le bainistiú na n-iascach fiáin trí chosaint a dhéanamh ar na hacmhainní uisce, ar limistéir an bhrúacha, ar stoic éisc agus trí athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh maidir le tionscadail forbartha infreastruchtúir.

An tIascach a Chosaint

An tIascach a chosaint an príomhchúram a bhí ann i rith na bliana 2014. Baineadh an príomhchúram seo amach in aineoinn na gcúinsí aimsire anróiteacha a tharla i rith na bliana. Tharla triomach dian i rith mí Iúil agus mí Lúnasa agus tháinig laghdaithe ar leibhéil uisce nár fhacthas a leithéid go dtí seo. Ba ríshoiléir an tionchar seo in abhantraí aolchloiche agus tharla triomú in aibhneacha áirithe dá bharr.

Leis na coinníollacha triomaigh, cuireadh bagairt mhór ar bhradáin agus ar bhric agus iad ag iarraidh snámh in aghaidh srutha chun sceitheadh. B'éigean do lucht foirne bheith níos airí dá bharr chun cosc a chur ar iascaireacht mhídhleatach agus srian a chur leis an damáiste a bhí á dhéanamh d'aibhneacha a bhí á dtíomú. Leagadh béim ar chosaint na mbradáin agus na mbreac geal in áiteanna faoi leith sa tír agus ar an tSionann Uachtarach, i gceantair an Chabháin agus Mhuineacháin, leagadh béim ní ba mhó ar chosaint na speiceas garbhéisc.

Ba rithabhachtach an teicneolaíocht nua don mhonatóireacht faireachais, ar cabhair mhór é i mbrath agus i ngabháil méid áirithe daoine a bhí i mbun gníomhaíochtaí mídhleathacha timpeall na tíre. Bíonn na scóip aimsithe ardaifeacha an-éifeachtach maidir le treorú sonraithe a thabhairt i mbearta feidhmiúcháin don mhonatóireacht faireachais.

Ba phríomhchúram é monatóireacht faireachais maidir leis an mbas chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar iascaireacht cósta i rith na bliana, go háirithe ar chósta an deiscirt.



Cosaint na hAcmhainne Iascaigh

I rith na bliana, b'ábhar suntais é líon na gcásanna inar sáraíodh an tAcht Iascaigh, i dtéarmaí réimse agus líon na gcoireanna. Ar na coireanna seo, bhí líonta ar lochanna, ar aibhneacha, in inbhir agus ar farraige, sárú no bhFo-dhlithe maidir le líús agus le garbhéisc, 'deis stracala', 'iascaireacht le dorú fada', cur isteach ar chlaiseanna sceathraí chomh maith le reachtaíocht maidir le piocadh oisri a shárú. Rinneadh ionchúiseamh má bhí gá leis, agus i gcásanna ní ba mhine, gearradh pionós Muirear Seasta in áit ionchúiseamh.

Léirigh na bearta cosanta ar iascach eascainne go bhfuil leibhéal méadaithe ann maidir le hiascaireacht eascainne mhídhleatach, go háirithe in abhantraí na Sionainne Íochtaraigh agus na hÉirne Uachtaraigh áit ar braitheadh agus ar gabhadh líonta iascaireachta mídhleathacha.

I mbun patróil, baineadh úsáid as an réimse iomlán modhanna atá ar fáil don fhoireann, agus cé gurb iad patróil bháid agus patróil ghluaisteach na modhanna ba mhó úsáide, ba léir an méadú san úsáid a bhaintear as modhanna patróil nuálacha. Tháinig méadú ar na patróil ar bád/ cadhc/ bád pearsanta ó 1,353 i rith na bliana 2013 go dtí 1,434 i rith na bliana 2014; méadú 6%. Is í oiliúint chuí maidir leis an bhfearas á cur ar níos mó ball foirne nua is cúis leis an méadú seo. Tháinig méadú ar na patróil ar rothar/ cuadrothar i rith na bliana 2014 agus 616 patról curtha i gcrích i gcomparáid le 432 i rith na bliana 2013, cothrom le méadú 42.6%. Is é sprioc IFI modhanna éagsúla patróil a mhéadú. Tugadh faoi 27,683 patról ina iomlán i rith na bliana 2014.

Gabhadh 355 eangach ar uisci intíre, dar fad 17,086 méadar, agus gabhadh seacht n-eangach déag dar fad 3,635 méadar ar farraige. Gabhadh trealamh eile iascaireachta chomh maith, slata iascaigh, baidiní, doruithe, pici & sleanna ina measc. Gabhadh méid iasc, oisri agus muirini chomh maith. Is féidir liosta iomlán na n-urghabhála a rinneadh i rith na bliana 2014 a fháil ag láithreán gréasáin IFI www.fisheriesireland.ie.

Ionchúiseamh

I rith na bliana chuir IFI sraith nua de phrótacail agus de dhoiciméid i bhfeidhm maidir le hionchúiseamh.

Chualathas 82 cás ionchúisimh i rith na bliana 2014. Tugadh faoi na hionchúisimh mar fhreagairt ar sháraithe maidir le reachtaíocht iascaigh agus ar eachtraí inar sáraíodh na caighdeáin uisce. Tá achomharc á dhéanamh chuig an Chúirt Chuarda i leith naoi gcás, achomhairc ar leith á ndéanamh ag IFI, agus achomhairc eile á ndéanamh ag na daoine aonair ar cúisíodh sa Chúirt Dúiche iad. Eisíodh 253 fógra faoi Phionós Muirear Seasta i rith na bliana 2014,



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



An Timpeallacht agus Cúrsaí Éisc



Caighdeán an Uisce agus Cúrsaí Truailliúcháin

Rinneadh 7,650 scrúdú cigireachta maidir leis an gcomhshaol i rith na bliana 2014. Áirítear leis seo, méadú 11% ar líon na scrúduithe cigireachta ar mhonarchana coireála fuíolluisce, ó 1,736 in 2013 go dtí 1,922 in 2014, agus méadú beag-nach 4% ar líon na scrúduithe cigireachta ar fheirmeacha a rinneadh ó 2,468 scrúdú cigireachta in 2013 go dtí 2,563 scrúdú cigireachta in 2014. Má tugadh droch-chleachtas maidir le bainistíocht feirme faoi deara, tarraingíodh aird na n-úinéirí talún air agus socraíodh beartanna chun dul i ngleic leis an bhfadhb faoi leith.





Léarscáil maidir le Slad ar Iasc a rinne IFI a thaifead in 2014



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Slad ar iasc

Rinne lucht foirne IFI taifead ar 22 eachtra maidir le slad ar iasc i rith na bliana 2014 ar laghdú suntasach 58% é ón 53 eachtra maidir le slad ar iasc i rith na bliana 2013. **Féach Aguisín I don Tuarascail faoi Smacht ar Thruailliu agus faoi Chailiocht an uisce 2014.** Anuas air sin, rinne lucht foirne IFI iniúchtaí mar fhreagairt ar thuairiscí a fuarthas faoi éisc mharbha in aibhneacha agus i lochanna, go háirithe i rith an tseal fada triomaigh a tharla i rith an tsamhradh 2014. Tharla nach ndearnadh go leor de na tuairiscí seo a thaifead ina slad ar iasc.

I measc na gcásanna a tugadh faoi i rith na bliana 2014, áirítear ionchúiseamh sásúil maidir le cuideachta dobharshaothru a ciontaíodh as damáiste a dhéanamh d'abhainn salmainide chun a theacht ar fhionnuisce le haghaidh cóireáil a dhéanamh ar an nGalar Geolbhaigh Aiméibigh (AGD), agus eachtra suntasach maidir le slad ar iasc ar an Tulcha ina ndearnadh slad ar líon suntasach éisc thar stráice maith den abhainn. Tá an cás os comhair cúirte faoi láthair agus is féidir eolas a fháil maidir leis ar láithreán gréasáin IFI i rith na bliana 2015:

<http://www.fisheriesireland.ie/Table/About-us/Press-releases/>

Tá liosta de na sladanna ar iasc a léirítear thall in Aguisín IA





An t-iasc a thabhairt Slán

Forbairt Infreastruchtúir maidir leis an iascach

Bunchúram faoi leith atá ag IFI ná na gnáthóga iascaigh a chosaint agus a fhorbairt agus ar na bealaí seo a thugtar faoi; gur IFI féin a thugann faoi thionscadail; úsáid a bhaint as cur chuige maoinithe cosúil le Ciste Chaomhnú an Bhradáin chun cuidiú le comhpháirtithe eile a bhfuil ag iarraidh tabhairt faoi thionscadail; cur chuige réamhghníomhach a chur i bhfeidhm i leith dul i mbun oibre le grúpaí agus le gníomhaíochtaí eile chun a chinntiú go dtugtar faoi oibreacha forbartha, a mbíonn tionchar acu ar aibhneacha agus lochanna, ar bhealach atá báúil le héisc. Chomh minic agus is féidir, bíonn cur chuige dearfach agus réamhghníomhach ag IFI maidir le tionscadail chun a chinntiú gur féidir tabhairt fúthu ar bhealach éifeachtach agus gur féidir gnáthóg an iascaigh a chothabháil. Toradh dearfach ar an gcur chuige seo ná, i gcás go leor tionscadail, go dtagann feabhas ar ghnáthóg an iascaigh tar éis na n-oibreacha. Seo a leanas sampla de na tograí infreastruchtúir a thug IFI faoi i rith na bliana 2014, Scéim Maolaithe Tuile ar An Dothra Íochtarach, Scéim Maolaithe Tuile ar An Deargail agus réiteach fadhbanna bainteach le creimeadh ar láthair phríobháideach shuntasach gar do Bhré.

Gnáthóga Éisc a Fhorbairt

Ar bhealach amháin, is féidir gnáthóga éisc a chothabháil trí fhásra bruachanna a bhearradh nó trí ghairbhéal sceathraí a chur ar ais nó a rácáil, ach i gcásanna eile bíonn gá le hinfreastruchtúr nua a thabhairt isteach. Le go leor de na tionscadail seo, bíonn gá le bruach na habhann a dhaingniú agus le bacanna a bhaint nó a ghabháil tharstu agus lena leithéid bíonn ardleibhéal pleanála de dhíth amhail tionscadal tógála. Tá sé rithabhachtach go ndéanfar na haibhneacha agus na locha a chothabháil agus a fheabhsú ar bhonn rialta chun uasmhéid na n-iasc a bhaint amach agus a bhuanú.

Sampla den chineál obair fóna a tugadh faoi i mbliana ná an fánán carraige mar bhealach éisc a tógadh ar Abhainn an Mhianaigh Óir ag An Droichead Adhmaid. Tógadh an bealach seo le hais chora bréige nach bhféadfadh éisc dul thairis roimhe seo agus ónar tógadh é is féidir le gach speiceas éisc dul thairis am ar bith. Dearbháíodh i mí Mheán Fómhair go raibh bradáin Atlantacha óga a bhí ar imirce in aghaidh srutha isteach sa chainéal lastuas den chora agus gurb é seo an chéad uair do na héisc seo bheith san áit seo ar Abhainn an Mhianaigh Óir le tríocha bliain anuas.

Ar abhainn na Maighe glanadh iomarca fáis ar stráice beagnach 12km de bhrúach cainéal, rud a chuirfidh go mór le táirgeacht na habhann de bharr breis solas gréine a theacht isteach. B'iad comhpháirtithe Scéim Fostaíochta Pobail (CES) i mBéal an Átha, arna urrú ag IFI, a thug faoi thromlach na hoibre seo. Rinneadh go leor bruachanna cainéal eile a ghlanadh freisin ar fud na tíre. I gcuid mhór cásanna déanann clubanna slatiascaireachta na háite, cónaidhmeanna agus grúpaí pobail, faoi mhaoirseacht agus le cúnamh IFI, an-iarracht maidir leis an iascach agus an uisce ina gceantair a chothabháil agus a fheabhsú. Bíonn an-tionchar ag an gcineál oibre seo ar an gceantar féin agus is beag an costas a ghabhann leis.



Bainistíocht maidir le Locha agus Aibhneacha



Gnéithe Infrastruchtúir don tSlatiascaireacht a Fhorbairt

I rith na bliana 2014, tugadh faoi 96 togra maidir le forbairt na slatiascaireachta ar chostas €270,225 agus mar thoradh ar na tograí cuireadh isteach 169 cinn nua de dhroichid coisíochta, de stileanna agus de sheastáin. Mar thoradh ar na hoibreacha seo, cruthaíodh 321 ionad nua le haghaidh na slatiascaireachta. De bharr gur gá struchtúirí níos buaine a thógáil, is minic do IFI úsáid a bhaint as 'adhmaid plaisteach' (plaisteach athchúrsáilte) agus, más gá, struchtúirí miotail a thógáil chun bealach sábháilte a chur ar fáil d'iascairí slaite. **Féach Aguisín II d'Oibreacha Forbartha maidir leis an tSlatiascaireacht i rith na bliana 2014.**

I gcuid mhór áiteanna, mar thoradh ar na forbairtí seo, feabhsaíodh cúrsaí iascaireachta tríd an deis a tugadh d'iascairí luí na n-lasc a bhaint amach. Anuas ar an obair forbartha a rinneadh chun cúrsaí slatiascaireachta a éascú, is féidir srutháin, draenacha agus claiocha a thrasnú anois in áiteanna nárbh fhéadfaí a thrasnú roimhe seo. Tá IFI ag leanacht den teagmháil le húinéirí talún chun a chinntiú gur féidir an t-iascach agus an fheirmeoireacht a fhorbairt taobh le chéile.

Ar aon dul leis na tograí thuasluaite, bíonn IFI i mbun comhpháirtíochta le gníomhaireachtaí eile chun leibhéal na hinfheistíochta sa tslatiascaireacht a mhéadú agus i gcuid mhór cásanna is comhlánú atá i gceist leis na hoibreacha infreastruchtúra maidir leis an tslatiascaireacht a eascraíonn as tograí móra bainteach le cúrsaí áineasa lasmuigh i gcoitinne. Sampla den chomhpháirtíocht seo ná an tionscadal athshlánú tuaithe atá faoi stiúr ag Comhairle Contae Mhuineacháin, an tionscadal Clones Erne East Blackwater (CEEB). Mar chuid den scéim seo, infheistíodh €116,000 in oibreacha forbartha ar an infreastruchtúir ar mhaithe leis an mbealach isteach d'iascairí slaite go dtí sraith locha i gceantar Chluain Eois.

Sampla eile de na tograí infreastruchtúra maidir leis an tslatiascaireacht ná an togra forbartha suntasach ar abhainn na Suca, ar tugadh faoi i mí Mheán Fómhair. Baineadh seanseastáin as an Loch Dubh, as Loch Stoneham agus as Loch an Gharráin Naofa i ndáil leis na hoibreacha seo (Gaillimh agus Ros Comáin). Tógadh dhá cheann d'fhanáin leis an togra seo ag Dún Iomáin agus ag Glinsce, in abhantrach na Suca. Is tairbheach na fanáin do lucht báid, agus scoth na slatiascaireachta á chur ar fáil dóibh, agus do phatróil póilíneachta IFI a bhfuil pointí lánseála straitéiseacha ar fáil dóibh.

Déanann IFI pleananna mionsonraithe a roinnt le hIascach BSL le gur féidir struchtúirí a thógáil agus bealaí isteach a fhorbairt taobh leis na hionaid iascaigh atá faoi chúram BSL. Tugadh faoi oibreacha ina ndá thréimhse ar abhainn na Camlinne in abhantrach Loch Rí, inar tógadh droichid coisíochta, stileanna agus áiseanna páirceála thar síneadh 3km. Leagadh amach pleananna freisin do Chomhpháirtíocht Iascaigh na Sionainne (togra de chuid BSL le clubanna slatiascaireachta na háite) ar abhainn na hInthe, abhainn na Carraige, abhainn Chamchuairt an Aonaigh agus abhainn Chluain Eich, iad ar fad in abhantrach na Sionainne.

169 cinn nua
de dhroichid coisíochta, de
stileanna agus de sheastáin a
cuireadh isteach.



**Spás
lascaireachta**







Acmhainn Iascach Intire agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann



Speicis Ionracha a tuairiscíodh tríd an aip AIS



-  Speicis Eile
-  Ollfheabhrán
-  Balsam Himiléach
-  Glúineach Bhiorach



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn





Láithreacha agus Modhanna Cóireála i rith na bliana 2014



-  Gearradh Meicniúil
-  Matra Siúite
-  Píocadh de láimh



0 5 10
Ciliméadair

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

An Bhainistíocht maidir le Speicis Ionracha Uisce



Rialú ar Líobhógach Afracach (*Lagarosiphon major*) i Loch Coirib

In 2014, rinneadh cóireáil ar 24 heicteár i Loch Coirib maidir leis an líobhógach Afracach (*Lagarosiphon major*) sarionrach. I dtús na bliana 2014, agus leathnú na fiaile san áireamh, bhí 31.5 heicteár d'fhiaile sa loch agus faoi dheireadh na bliana 18.9 heicteár an méid a bhí ann. Léirítear thall agus thíos na láithreacha, agus na háiteanna sa loch, a cuireadh cóireáil orthu agus an trí mhodh úsáidte. B'ionann €128,166 agus an caiteachas a bhain leis an bhfoireann a thug faoin rialú fiaile ar conradh agus caitheadh €18,846 eile ar an matra siúite. Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), a thug cúnamh suntasach i dtaobh cúrsaí lóistíochta, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus IFI, ón gciste forbartha, a chuir maoiniú ar fáil do na hoibreacha. Is ionann an figiúr seo agus caiteachas díreach maidir leis an togra agus ní bhaineann sé le costaisí breise bainistíochta ná leis an tacaíocht a chuir IFI ar fáil.

Matra Siúite

**8**

Láthair a rinneadh a choireáil

32,180 m²

Piocadh de láimh

**6**

Láthair a rinneadh a choireáil

350 m²

Gearradh Meicniúil

**9**

Láthair a rinneadh a choireáil

206,820 m²

Acmhainn lascach Intire agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Saoráidí



I rith na bliana 2014 lean IFI den phroiseas maidir leis an gcuid áitreabh a chur in eagar de réir riachtanaisí straitéiseacha na heagraíochta, sé sin lucht foirne a chruinniú i líon beag de bhunaiteanna oibre atá chun cinn ó thaobh acmhainní feidhmiúcháin de. Bhíodh sé de nós ag lucht seirbhíse an iascaigh bheith ag obair gar do na bunaiteanna oibre agus bhíodh an tír breac le líon mór bunáiteanna agus stóras beag, go háirithe i bhfoisceacht na Loch mór. Is é atá i gceist le cur chuige IFI maidir le cúrsaí áitreabh ná acmhainn an iascaigh a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach chomh héifeachtúil agus is féidir.

Tá an proiseas seo mar pháirt den iarracht chun éifeachtúlacht a bhaint amach, agus béim dhaingean á leagan ar áitribh a lonnú i láithreacha straitéiseacha le go mbainfear lántairbhe as na bearta feidhmiúcháin agus le go léireofaí cruth nua na heagraíochta. I rith na bliana 2014, tugadh faoi, nó cuireadh i gcrích, cúig mhórtogra, ceannaíodh roinnt áitreabh agus rinneadh uasghrádú ar go leor de na háitribh atá an cheana. Ar na príomhtograí, ceannaíodh agus feistíodh foirgneamh nua Ceanncheathrún in Iarthar na Cathrach, ceannaíodh bunáit oibre i Ros Mhic Thríúin atá á fheistiú faoi láthair, cuireadh bunáit oibre Leitir Ceanainn i gcrích, ceannaíodh seanbheairic i Mainistir Fhear Maí le bheith ina bhunáit oibre, agus thángthas ar ionad nua lóistíochta agus taighde i bhfoisceacht Cheanncheathrún Iarthar na Cathrach.

Ceanncheathrú IFI agus Ionad Taighde agus Lóistíochta

I mí Aibreáin athlonnadh Ceanncheathrú IFI ón áitreabh ar Champas Gnó Shoid go dtí oifig nua ag 3044 Céide an Locha, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24. I mí Bealtaine rinneadh foireann IFI na Carraige Duibhe a aistriú go háitreabh Iarthar na Cathrach, mar pháirt den straitéis réasúnaithe maidir le háitreabh i mBaile Átha Cliath agus léasanna ardchostais a fhágáil.

D'éirigh go han-mhaith leis an aistriú ó thaobh lóistíochta de agus ní raibh aon am neamhfhónaimh, maidir leis an tseirbhís a chur ar fáil, le linn an phroisis.

Aimsíodh Ionad Taighde agus Lóistíochta (LRC) i bhfoisceacht na ceanncheathrún a thiocfaidh in áit an dá áitreabh i Sord atá ar léas. Táthar agus súil go gceannófar an t-áitreabh seo i rith na bliana 2015.

Caitheadh breis agus €1.5m ar an réasúnú maidir le háitribh IFI agus leis sin rinneadh airgead a choigilt ó na léasanna a fágadh. Leanfaidh IFI den laghdú i leith chúrsaí áitreabh sna blianta romhainn agus déanfar cinnte de go mbainfear ardchaighdeán amach sna háitribh uile.



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Taighde agus Forbairt



Leagtar de chúram ar an Rannóg Taighde agus Forbartha in IFI taighde fheidhmeach ardchaighdeán agus comhairle eolaíochta a chur ar fáil mar chúnamh taca i ndáil leis an mbainistíocht ar an acmhainn nádúrtha seo. In 2014, thug IFI taighde ardchaighdeán i gcrích maidir le réimse leathan tionscadal agus speiceas ar mhaithe le hacmhainn an iascaigh intíre a chaomhnú agus a bhainistiú. Cuireann eolaithe IFI comhairle ar bhainisteoirí, ar gheallsealbhoirí agus ar lucht na ranna rialtais agus cuidíonn siad le heagraíochtaí idirnáisiúnta, leithéidí an Chomhairle Idirnáisiúnta maidir le Taiscéaláíocht na Farraige (ICES), an Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh (NASCO) agus Coimisiún Comhairleach na hEorpa maidir le hlascach agus Dobharshaothrú Intíre (EIFAAC).

An Breac Geal

Abhantrach Innéacs Náisiúnta an Bhric Ghil (NSIC) – Abhantrach Abhainn na hOirimhe

Tá clár monatóireachta fadtearmaigh i bhfeidhm ar stoc an bhric ghil ar fud fho-dhobharcheantar Thamhnaigh Ard an NSIC ó 1985 i leith. Idir mí Mhárta agus mí Iúil 2014, rinneadh 2,330 gealog bric ghil (óga) agus 228 dádaigh bric ghil (fásta) a thaifead; tugadh faoi mhonatóireacht ar bhradáin agus ar bhric gheala ar fhilleadh, agus 1,792 bradán agus 5,240 breac geal ag dul suas trí ghaiste Eas Liath i rith na bliana 2014.

Tá, agus beidh go ceann i bhfad, ról riachtanach ag NSIC maidir le monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine an bhric ghil ar Abhainn na hOirimhe agus mar thoradh féadfar cúinsí comhshaoil a mheas, mar shampla leibhéil de na míola mara ar stoc an bhric ghil. Is féidir innéacs abhantrach NSIC a chur i leith dhaoine bric ghil i gceantair eile in iarthar na hÉireann, agus in 2014 rinneadh infheistiú maidir le cúrsaí monatóireachta agus taighde a fheabhsú. Mar pháirt den infheistiú seo, cuireadh isteach réimse de ghlacadóirí fuaimíocht uisce sa Chaoláire Rua le monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht agus ar chónaitheacht bradáin agus bric ghil. Rinneadh lipéadadh fuaime ar 50 gealog bric ghil, 10 ndádach agus 10 ngealog bradáin agus scaoileadh leo in Abhainn na hOirimhe i rith Earrach na bliana 2014. Rinne na bradáin imirce tapa as an bhfiord tar éis gur scaoileadh leo ag bun na habhann dhá lá roimhe sin. Léirigh na bric gheala (gealóga agus dádaigh) pátrúin ghluaiseachta éagsúla: rinne roinnt díobh imirce amach as an gCaoláire Rua agus d'fhan roinnt eile isteach sa bhfiord. Ba chónaitheoirí an Chaoláire Rua iad tromlach na n-iasc fuilligh, a d'fhillleadh ar an bhfionnaisce anois is arís. Go dtí seo tá 33% de dhádaigh agus 24% de ghealóga tar éis fillleadh ar an bhfionnaisce. Leantar den mhonatóireacht ar éisc mhara fhuireach geimhridh.

Rinneadh monatóireacht an athuair ar ghealóga bradáin rainse ar cuireadh cóireáil cheimiceach (Slice) orthu chun cosaint in aghaidh ionfhabhtú ó mhíola mara. Baineadh 379 bradán rainse i rith na bliana 2014 agus léireofar, san anailís micrea-lipéid, líon na mbradán atá ag fillleadh ón ngrúpa cóireála agus ón riailghrúpa. Scaoileadh le gealóga bradáin rainse ina ngrúpa cóireála agus ina riailghrúpa ó stáisiún na hOirimhe i mí Aibreáin 2014 mar pháirt den chlár leanúnach maidir leis an ráta báis mhara bainteach le hionfhabhtú ó mhíola mara atá ann i measc ghealóga bradáin rainse ar imirce amach.



Acmhainn lascach Intíre agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Taighde agus Forbairt




An Bas

Is é an bas an t-aon speiceas éisc mhara a dhéantar bainistiú air don slatiascaireacht agus bíonn IFI i gcónaí chun tosaigh ó thaobh chúrsaí taighde ar an mbas ó aimsir na 1970aidí i leith. I rith na bliana 2014, thug lucht an Chláir Náisiúnta um Chaomhnú an Bhas faoi suirbhéanna maidir leis an mbas óg i dtí inbhear mór agus suirbhé mionsonraithe tráláireachta cladaigh in inbhear Phort Láirge maidir le basanna óga bliain agus dhá bhliain d'aois. Lean slatiascairí bais den tsampláil a dhéanamh ar ghainní agus den scéim dheonach leabhar logála. Mar pháirt den tsampláil, thug slatiascairí suas síos an chósta gainní bais d'eolaithe IFI d'fhonn scrúduithe aoise agus fáis a dhéanamh. Rinneadh anailís ar 650 bas san iomlán, ó 2013 i leith, trí scéim fhuinniúil eolaíocht na ndaoine atá ar bun ag IFI. Tá an cineál togra seo an-tairbheach ó thaobh taighde a thabhairt os comhair an phobail agus feasacht a chur chun cinn maidir leis an obair a dhéanann IFI chun speiceas suntasach mar seo a chosaint.

Thug IFI faoi thogra nua chlibeáil trí mheán satailíte d'fhonn anailís a dhéanamh ar imirce réamh-sceathraí na mbas fásta i gCuan Chorcaí in 2014, i gcomhpháirtíocht le Norwegian Institute for Nature Research (NINA) agus Wildlife Computers (forbróirí chlibeáil trí mheán satailíte). De bharr méid na clibe ní féidir an ghnáthchlib satailíte a úsáid le speicis éisc bheaga ach d'éirigh leis an dearradh nuálach seo clibeáil a dhéanamh ar sé chinn déag de bhasa idir 48.0 agus 73.5 cm (meán 69.8 cm) ar fhad. De réir na réamhthorthaí, léiríodh go ndeachaigh sé iasc amach ó Chuan Chorcaí go huisce cósta agus iad ag dul soir aduaidh i ngaireacht don chósta. Beidh breis anailíse ar thacar sonraí ar fáil ón gcóras teicneolaíochta nua seo an bhliain seo chugainn agus na turgnaimh curtha i gcrích.

Tríd na scrúduithe a dhéantar ó thaobh micricheimice ar iotailit an bhais (cnámha cluaise a fhásann feadh saolré éisc) is féidir na miotail a aithint a chuirtear le cnámha cluaise feadh saolré an éisc. Léirítear, sna scrúduithe micricheimice ar chnámha cluaise na n-iasc óg, go bhfuil leibhéil fhónta ann den idirdhealú miotail ar féidir a chomhoiriúnú le geolaíocht foshraithnaithe an inbhir. Ábhar suntasais maidir leis an gcur chuige seo ná gur féidir é a chur i bhfeidhm chun gnáthoga cladaigh na mbas óg a aimsiú.

Rinneadh anailís ar thacar sonraí fadtéarmacha a bailíodh ó na 1970aidí i leith (gabháil na slatiascaireachta, torthaí comórtais) d'fhonn treocheartaí stoc a dhearbhu. De réir na hanailíse, léirítear leibhéil an-iseal stoc i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann sna 1980aidí. Bíonn gá le tacair sonraí fónta thar tréimhse fhada le gur féidir breithmheas ceart a dhéanamh ar stádas stoic agus tá IFI ag comhoibriú le slatiascairí chun an sprioc seo a bhaint amach trí scéim eolaíochta na ndaoine. Is féidir tuilleadh eolais faoin gClár Náisiúnta maidir leis an mBas a fháil ar láithreán gréasáin IFI ag <http://www.fisheriesireland.ie/Projects/national-bass-programme.html>. Sheol IFI Polasaí maidir leis an mBas in 2014 agus is féidir cóip den pholasaí seo a fháil ar láithreán gréasáin IFI ag <http://www.fisheriesireland.ie/policies/453-inland-fisheries-ireland-bass-policy>



Clár Clibeála ar Iasc Spóirt Mhara

Ó 1970 i leith, tá clár clibeala 'elasmobranch' agus athghabhála (a úsáidtear le siorcanna, rocanna agus sciataí) á chur i bhfeidhm, den chuid is mó, ag scipéirí bád cairtfhostaithe slatiascaireachta. Thar tréimhse an chláir, tá clibeáil déanta ar níos mó ná **44,000** iasc lena n-áirítear cúig déag speiceas éagsúil.

Tá an siorc gorm ar bharr liosta na siorcanna agus na rocanna a clibeáladh le linn chlár fada clibeála IFI. Ó 1970 i leith, 19,750 an líon siorc gorm a clibeáladh agus tuairiscíodh 881 cás athghabhála; is ráta fillidh réasúnta é 4.5% ó thaobh staidéir fhada mar seo, i gcomparáid le sonraí idirnáisiúnta. Baintear úsáid as na sonraí seo chun eolas tábhachtach a chur ar fáil maidir le caomhnú na speiceas seo agus leis seo cuirtear leis an tuiscint i leith chosaint na speiceas tábhachtach seo atá san éiceachóras mara. Cuireadh tuarascáil chuimsitheach maidir le roinnt de na speicis leochaileacha i láthair an Chomhairle Idirnáisiúnta maidir le Taiscealaíocht na Farraige (ICES) in 2014. Tá dréacht-chóip den tuarascáil seo ar fáil ag láithreán gréasáin ICES:

http://www.ices.dk/sites/pub/Publication%20Reports/Expert%20Group%20Report/acom/2014/WGEF/wgef_draft_2014.pdf



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Iasc Garbh



De réir thorthaí na measúnuithe, a rinne Uiscebhealaí Éireann faoi chonradh in 2014, maidir leis an stoc éisc, léirítear go bhfuil an stoc liúis agus an stoc garbhéisc sách sláintiúil fós ar an gCanáil Ríoga agus ar an gCanáil Mhór. In 2014, fuair IFI dhá bhád bhuama leictriascaireachta. Is léir ó na trialacha a rinneadh leis na báid go dtí seo ar ghnáthóga abhann agus locha go gcuirfidh na báid seo go mór leis an gcumas taighde, go háirithe i ngnéithe den bhitheolaíocht agus den eiceolaíocht maidir leis na speicis tábhachtacha slatiascaireachta garbhéisc agus liúis.

Sheol IFI an Polasaí maidir leis an Liús in 2014. Rinne na saineolaithe inmheánacha agus seachtaracha a bhí sa ghrúpa polasaí athbhreithniú ar an bpolasaí a bhí ann maidir leis an liús agus mhol bearta nua chun a chinntiú go ndéanfar an speicis a chaomhnú, agus cosaint á thabhairt don acmhainn uisce ar fad ag an am céanna. Is féidir an doiciméad seo a íoslódáil ag: <http://www.fisheriesireland.ie/policies/455-inland-fisheries-ireland-pike-policy>.

I mí na Samhna 2014, foilsíodh trí thuairisc ó dhaoine sa phobal ar láithreán Gréasáin IFI maidir le: réim bia an liúis i sruthchúrsa na hÉireann; struchtúr géiniteach agus stair an liúis in Éirinn; agus éiceamhoirfeolaíocht an liúis i bhfionnuisce na hÉireann.



Acmhainn Iascach Intíre agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann

An Breac Donn

Tá IFI chun tosaigh maidir le teicnící ghéiniteach a úsáid d'fhonn foinse dhaonraí an bhric dhonn agus an bhric ghil a aimsiú. Leis an gcineál seo oibre, bailítear samplaí d'éisc óga as réimse abhantrach timpeall loch faoi leith chomh maith le sampla a bhailítear ón loch féin. Is féidir, tríd an gcód géiniteach a aimsiú, na haibhneacha agus na locha óna thagann na stoic éisc a aithint. Is ábhar suntais iad na torthaí. Feictear ón taighde go bhfuil cuid níos mó d'éisc ó aibhneacha beaga ag dul go stoic locha i gcomparáid leis na haibhneacha móra, agus is cosúil gurb é an t-easpa bia atá ar fáil sna haibhneacha beaga is cúis leis seo. De réir na dtuairimí gnásúla ba ó na haibhneacha móra a thagadh an stoc éisc ba mhó isteach sna hiascaigh, agus is cosúil nach mar a shiltear a bhítear. Leis seo, tá ar chumas bhainisteoirí láithreacha le haghaidh chlár fhorfheabhsaithe a aimsiú d'athshlánú agus d'fhorbairt stoic agus bíonn ar a gcumas freisin na seanchláir a mheas.

Leanadh de chlár géinitice IFI maidir leis an mbreac donn i rith na bliana 2014, leis na trí thionscadal nua ar tugadh fúthu ar aibhneacha Bhaile Átha Cliath (An Life, An Dothra, agus An Tulcha), ar Dhobharcheantar na Muaidhe agus ar Chóras Lar na Sionainne (o dheas de Chora Droma Ruisc agus abhainn na Suca, Loch Rí agus abhainn na hEithne san aireamh). Bailíodh sonraí bunlíne i gcaitheamh na bliana agus tugadh faoi anailís saotharlainne. Is i gcomhar le hOllscoil na Ríona i mBeal Feirste (QUB) ata na bearta staideir seo a ndéanamh ag IFI. Ar na staidéir ghéinitice a chuir IFI i gcrích, áirítear Loch Coirib, Loch Measca, Loch Ainninn, Loch Síleann, Loch Dearg agus abhantracha na Bóinne agus na Siúire.

Sheol IFI an Polasaí maidir leis an mBreac Donn Fiain in 2014; Sa doiciméad seo tugtar achoimre ar na moltaí a tugadh maidir le bainistiú inbhuanaithe fadtéarmach na hacmhainne seo a chinntiú ar bhealach eacnamaíoch inar féidir leis an bpobal leas a bhaint as an acmhainn. Is féidir cóip den pholasaí a fháil ag láithreán gréasáin IFI ag <http://www.fisheriesireland.ie/policies/454-inland-fisheries-ireland-brown-trout-policy>



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn


An Bradán



Osclaíodh 87 de na 143 abhainn ina mbíonn bradáin don tslatiascaireacht in 2014. Bhí 57 de na haibhneacha lán-oscailte agus i gcás 30 abhainn gabhail agus scaoileadh amháin a bhí i gceist. Tá sé chinn déag d'aibhneacha "ríbhradán" in Éirinn. Bhí an chuid is mó díobh seo lán-oscailte agus bhí trí cinn eile oscailte ar bhonn gabhail agus scaoileadh.

Tá an fhaisnéis bhliantúil maidir le stoic an bhradáin, agus an páipéarachas a ghabhann leis, curtha amach ag Buan-choiste Eolaíochta maidir leis an mBradán (SSCS) agus is féidir é a íoslódáil ag <http://www.fisheriesireland.ie/fisheries-management-1/482-the-status-of-irish-salmon-stocks-in-2014-with-precautionary-catch-advice-for-2015>

I rith na bliana 2014, cuireadh Clar Leictriascaireachta ar fud Dobharcheantair (CWEF) i gcrích i ceithre cinn is tríocha de dhobharcheantair le go ndeimhneofai leitheadulacht agus flúirse na mbradan og iontu. I gcás go leor córas is iad na torthaí seo an t-aon fhoinsé shonraí maidir leis an mbradán fásta atá ann. Tugadh cuairt ar 1,081 láthair i rith na bliana 2014. I rith ocht mbliana tosaigh an chlair (2007-2014), rinneadh 307 suirbhe dobharcheantair in 134 dobharcheantar tri 5,745 suirbhe láithreach faoi leith. Maidir le comhairle eolaíoch na bliana 2014, agus bunaithe ar shonraí CWEF seo, táthar á thuair go mbeidh sé abhainn déag níos ísle ná an Teorainn Caomhantais, ach a raibh meán ard acu maidir le hinnéacs an bhradáin óig ar fud an dobharcheantair (i.e. ≥ 17 iasc/5-nóim thar an tréimhse 2007-2013), agus moltar go n-osclofar ar bhonn slatiascaireachta gabháil agus scaoileadh. Tá sraith cuimsitheach de na tuarascálacha faoin gclár bainistíochta IFI maidir leis an mbradán ar fáil ar láithreán gréasáin IFI ag at <http://www.fisheriesireland.ie/Fisheries-management/salmon-management.html>



Acmhainn Iascach Intíre agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann

An Treoir maidir le Gnathóga agus Clár Leabhar Dearg na Sonraí faoi Iasc

Tá an clár seo leagtha amach chun eolas bonnline a thiomsú maidir le stádas eiceolaíochta shraith de speicis éisc, ar a dtugtar speicis caomhnúcháin, agus an t-eolas bonnline sin a úsáid chun bearta a thabhairt chun aire chun stádas na speiceas sin a chaomhnú agus a fheabhsú agus na bearta sin a chur i bhfeidhm. Is iad na speicis atá i gceist loimpre abhann, loimpre srutháin agus loimpre mara, sead fhallacsach agus sead fhallacsach Chill Airne, pollán agus bradán an Atlantaigh, a luaitear in Iarscríbhinn II le Treoir an AE maidir le Gnathóga, chomh maith leis an ruabhreac agus smealt. Faoi dhlí na hÉireann, leagtar de chúram ar an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha faireachas a dhéanamh maidir le stádas na speiceas éisc a luaitear in Iarscríbhinn II le Treoir an AE maidir le Gnathóga agus déanann IFI an fheidhm sin thar ceann an Aire. Tá sé d'óibleagáid ar bhallstáit an AE tuairisc a thabhairt do Choimisiún Eorpach, faoi Airteagal 17 de Threoir na nGnathóg, ar shraith sé bliana. Beidh fáil ar thuarascáil na bliana 2014 ag <http://www.fisheriesireland.ie/Projects/habitats-directive-and-red-data-book-fish-species.html>

Tar éis na tuairisce maidir le hAirteagal 17 a chur i gcrích, tosaíodh ar shraith sé bliana nua d'fhiosrúcháin in 2013. Déanfar athscrúdú i rith an sraith sé bliana seo ar stádas larbhaí loimpre i bpríomhabhantracha uile na limistéar faoi chaomhnú speisialta (SAC) atá ina limistéir sainnithe do loimpre d'fhonn gréasán a bhunú maidir le hinnéacs cainéal ina ndéanfar scrúduithe ar stádas larbhaí loimpre chun féachaint ar threochtaí maidir le láithreachtaí dhaoine, méid agus struchtúr. Chuir na baill foirne trí pháipéar i láthair ag comhdháil idirnáisiúnta maidir leis an loimpre sa Ríocht Aontaithe i mí Bealtaine 2014, a rinne an Foras Bainistíocht Iascach (IFM) a thionóil. Cuireadh páipéar, bainteach le hobair theiliméadrachta IFI ar an tsead, i láthair freisin ag comhdháil IFM ar an teiliméadracht sa RA i mí Iúil 2014.

Tugadh faoi thrialacha fuaimíocht uisce, trál meánuisce agus eangach gheolbhaigh pheiligeach d'fhonn sampláil don phollán i Loch Aillionn i mí an Mheithimh agus do shead fhallacsach Chill Airne i mí Bealtaine agus mí Mheán Fómhair.

Leantar den mhodh samplála do sheada agus smealta óga, is é sin eangach mínsreinge a thuáil ar feadh tréimhse cinnte sna hinbhir shonraithe, a fhorbairt mar chur chuige daingean inbhuanaithe. Trialladh an modh seo le pollán óg i Loch Rí in 2013 agus d'éirigh sách maith leis agus cuireadh an straitéis i bhfeidhm ar bhealach sásúil i Loch Aillionn in 2014.



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

An Chreat-Treoir Uisce



In 2007, chuir Iascach Intíre na hÉireann (an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha ag an am sin), tus le clár monatóireachta ar an iasc d'fhonn an riocht ina bhfuil aibhneacha, locha agus inbhir na hÉireann a mheas. Eilítear obair den saghas sin le riachtanaisí shásamh maidir le Creat-Treoir Uisce (WFD) na gComhphobal Eorpach (a ndearnadh a thrasui i ndlí na hÉireann trí Rialúcháin (Polasáí Uisce) na gComhphobal Eorpach den bhliain 2003 (Ionstraim Reachtuil Uimh. 722 den bhliain 2003)). Tagann níos mo na 300 limistéar uisce (abhainn, loch agus reimse idirchriosach (inbhir agus murlaigh)) faoi scath clár chuimsitheach trí bliana IFI don mhonatóireacht thrathleanunach ar iasc. Baintear úsáid as eolas a bhailítear le gach suirbhe chun 'stadas eiceolaíochta' a lua le gach reimse uisce de reir mar atá an stadas sin ar ardchaighdeán, ar ísealchaighdeán nó ar chaighdeán eile idir eatarthu. Bhain na suirbheanna éisc faoin WFD a rinneadh i rith na bliana 2014 leis an triú clár thrathleanunach trí bliana. (2013 – 2015). D'fhag an aimsir bhrea i rith na bliana 2014 gur tugadh an tsuirbheireacht chun críche i ndáil le gach dobharlach a raibh sin leagtha amach ina leith; 26 loch, 75 abhainn agus seacht gcinn de dhobharlaigh (inbhir) idirchriosacha ar fud na tíre. Rinneadh an tsuirbheireacht trí mhodhanna oibre caighdeanacha de chuid na hEorpa.

Rinneadh suirbheireacht ar 83 láthair i limistéir de 53 abhainn agus 23 dobharcheantar idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2014. Rinneadh taifead ar cheithre speiceas déag agus hibrid amháin. Ba é an breac donn an speiceas éisc ba chomónta; an bradáin, an eascann, an chailleach rua agus an bodairlín ina dhiaidh sin. Rinneadh an obair athshlánúcháin maidir le ceithre abhainn, i ndiaidh slad ar iasc a tharla iontu i rith na bliana 2012 agus 2013, a mheas mar pháirt den mheasúnú stadas eiceolaíochta. Beidh sonraí na bliana 2014 faoin stadas eiceolaíochta ar fáil i lár na bliana 2015.

Rinneadh suirbheireacht ar 26 loch i rith na bliana 2014, agus rinneadh taifead ar 19 speiceas éisc (caitear leis an mbreac geal mar 'chineál' éagsúil bric) agus dhá chineál hibride. An eascann an speiceas éisc ba chomónta a rinneadh taifead air, ar aimsíodh é i 96% de na lochanna a rinneadh suirbheireacht orthu. Tháinig an breac donn, an phéirse, an róiste agus an liús i ndiaidh sin a bhí in 81%, 65%, 42% and 38% de na lochanna faoi seach. I gcoitinne, b'iad salmainidí an speiceas ceannasach i lochanna an tuaiscirt, an iarthair agus an iardheiscirt. Aimsíodh breac geal i 7 loch; Loch Ghleann Bheatha, Loch Ghleann Cuilinn, Loch na Ceathrún Móire, Loch Bhrain, Loch Cárthaí, An Loch Uachtarach agus Loch Léin. Rinneadh ruabhreac Artach a thaifead i sé loch; Loch an Chuais, Loch Cárthaí, Loch Léin, Loch Ghleann Bheatha



Acmhainn Iascach Intíre agus Slatiascaireachta Farraige na hÉireann



An Clár Náisiúnta maidir le Bainistíocht na hEascainne

Loch Meilbhe and Loch Tait. Rinneadh suirbhéireacht ar sheacht gcinn de dhobharlaigh idirchriosacha, lena n-áirítear ceithre cinn de dhobharlaigh ar Inbhear na Sionainne agus trí cinn ar Inbhear na Sláine. Rinneadh taifead ar 50 speiceas éisc ar sheacht gcinn de dhobharlaigh. Foilsíodh réamhthuaisc maidir leis na dobharlaigh uile in 2014 ar láithreán gréasáin WFD (www.wfdfish.ie) agus cuirfear tuairiscí sonraithe ina n-áit a luaite a dhéanfar na sonraí éisc uile a phróiseáil. <http://www.fisheriesireland.ie/Projects/water-framework-directive.html>

Anuas air sin, tá IFI ar conradh ag Uiscebhealaí Éireann (WI) maidir le bainistíocht iascaigh, bainistíocht maidir le plandaí uisce agus monatóireacht faoin gCreat-Treoir Uisce (WFD) a dheanamh ar an gCanail Rioga, ar an gCanail Mhor, ar Loingseoireacht na Bearu agus ar Uiscebhealach na Sionainne agus na hEirne. Bainneann an clár oibre lena leagtar de dhualgas ar Uiscebhealaí Éireann faoin reachtaíocht agus leis an gcuipoir gnathog uiscebhealaigh den scoth a chur ar fail a thagann leis an usaí a bhaineann reimse eagsuil forleathan geallsealbhoiri as na huiscebhealaí

Maidir leis an monatóireacht faireachais ar an gCanail Rioga agus ar an gCanail Mhor chomh maith leis an gcuid d'Uiscebhealach na Sionainne agus na hEirne ar canail ata ann, rinneadh sampláil ar 44 láthair i leith fise-ceimice, macraifítí uisce agus maicrinveirteabrach beantach. Rinneadh líon 20,000 iasc fásta a athlonnú go sábháilte le linn an togra tarthála éisc a rinneadh ar cheithre láthair ar an gCanail Rioga, ar an gCanail Mhor agus ar Loingseoireacht na Bearu. Sa chás gur thángthas ar ghliomach fionnuisce, rinneadh iad a bhaint, faoi chonradh ag NPWS. Leis seo, is féidir uiscebhealaí draenáilte a scrúdú maidir le speicis ionraitheacha neamhghnáthacha nó speicis chasta ainmí agus planda a aimsiú.

An Clár Náisiúnta maidir le Bainistíocht na hEascainne

Tathar ag druidim le deireadh an dara sraith trí bliana (2012-2015) den mhonatóireacht faoin gClár Monatóireachta Náisiúnta maidir leis an Eascann (EMP). Is e ata d'aidhm leis an gclár dualgas a chomhlíonadh de reir na gcuipoiri monatóireachta a leagtar amach sa phlean bainistíochta náisiúnta maidir leis an eascann.

Tugadh faoin gcúigiú bliain faoi chlar monatóireachta náisiúnta maidir le luathoga i rith na bliana 2014. Is e aidhm ata leis an gclár monatóireacht a dheanamh ar an leibheal maidir le hearcaíocht luathog agus trathshraith fadtearmach a chruthu ionas gur feidir athruithe i ndail le leibheal earcaíochta a thabhairt chun suntais. Tugadh faoi mhonatóireacht ar an luathog ag se lathair ar fud na tire. Bhí dáileadh míchothrom maidir le cúrsaí earcaíochta i mbliana agus thuairiscigh roinnt láithreacha go raibh an líon ag dul in airde ach roinnt eile a thuairiscigh earcaíocht an-mhíshásúil. Tá an earcaíocht maidir leis an Eascann ag dul i méad le trí bliana anuas, ach fós níl ann ach 12% den leibheal stairiúil agus ní thagann athrú ar stádas i mbaol an stoic dá bharr. Ní fios go fóill an iad na bearta bainistíochta, atá á gcur i bhfeidhm ó 2009 i leith, is cúis leis an méadú seo maidir le hearcaíocht nó an é an éagsúlacht nádúrtha sna hinnéacsanna earcaíochta atá i gceist.



Sa chlár monatóireachta maidir leis an eascann buí, rinneadh diansuirbheireacht le líontain fonsaí (Loch Mucnú and Loch Ramhar). Rinneadh leictriascaireacht i ndobharcheantar na hAbhainn Dubh agus na Cealla, d'fhoill leithhead an dáileadh eascainne sna haibhneacha timpeall ar Loch Ramhar. Rinneadh iascaireacht ar na slaba theas, murlach goirt, ar feadh dhá oíche le líontain fonsaí le comparáid a dhéanamh maidir le sonraí stairiúla atá ar fáil ó Ionad Taighde an Iascaigh (FRC).

In 2014, cuireadh sé chinn de ghlacadóirí fuaime in Abhainn na Bearú Uachtarigh chun an tuiscint maidir le gluaiseacht na heascainne laistigh dá gnáthóg féin a chur chun cinn. Rinneadh clibeáil fuaime ar dheich n-eascann i mí Iúil 2014. Achar 3km ina bhfuil 7 n-abhainn le tuairim agus 500 méadar eatarthu atá sa láthair staidéir. Tá an láthair suite laistigh de shraith ghlacadóirí fuaime ar abhainn na Bearú agus mar sin aimseofar na heascanna a dhéanann imirce (mar eascanna geala) ar bhealach na himirce síos an abhainn. Leanann an staidéar seo staidéar piolotacha a rinneadh i dTigh Moling in 2012 agus 2013. Beidh cadhnraí na gclibeanna fuaime idithe faoi mhí Mhárta 2015, staidéar naoi mí a bheidh i gceist faoin tráth sin agus beidh fáil ar thorthaí in 2015.

Leanadh den mhonatóireacht ar an eascann geal ar chóras Abhainn Átha Féan den cheathrú bliain as a chéile. Rugadh ar 607 kg in iomlaine i rith 25 oíche, ach tháinig 76% den teitheadh i mí na Samhna, a tharla ag aon am le tuille móra. Bunaíodh an dara hiascach don eascann geal ar an gcósta thoir ar Abhainn na Bearú in 2014. De bharr thoirt Abhainn na Bearú, rinneadh bainistiú ar an togra seo trí eangacha a dhaingniú ar gheataí loc na Canála. Rinneadh iascaireacht tráchtála ar an láthair go dtí 2008. Rugadh ar 174 kg in iomlaine i rith 22 oíche. Táthar ag súil go leanfar ar aghaidh leis an monatóireacht ar éalú na heascainne gile i ndobharcheantar na Bearú ós rud é gurb é an t-aon láthair maidir le hinnéacs na heascainne gile ina bhfuil an ghnáthóg abhainn chun cinn. B'ábhar suime é an mhinicíocht maidir le fad na n-eascann a tháinig ó abhainn na Bearú mar gheall ar líon na n-eascann beag sa ghabháil; ní rabhthas ag súil lena leithéid; b'eascanna fireann iad 60% de na heascanna a tógadh chun na saotharlainne. Ina ainneoin sin, seans go raibh tionchar ar struchtúr an stoic ag clár stocála a thug an tIonad Taighde Iascaigh faoi i 1990 agus 1991, inar tógadh eascanna ó Abhainn na Féile agus cuireadh in Abhainn na Bearú iad.

Tá gach eolas maidir leis an gclár monatóireachta maidir leis an eascann agus tuarascáil an AE ar fáil ag láithreán gréasáin IFI ag <http://www.fisheriesireland.ie/Fisheries-Management/eel-management-plan.html>



Acmhainn Iascaigh Intíre agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann

Is í seo an dara bhliain den dara sraith den Chlar Fheabhsu Comhshaoil Abhann (EREP) a cuireadh ar bun den chéad uair in 2008. In 2014, tugadh ciste €270,000 do IFI agus cuireadh na tograí uile a leagadh amach chun críche. Oifig na nOibreacha Poiblí a chuir an ciste ar fáil don chlar oibre seo, lucht foirne IFI a leag amach na pleananna forfheabhsuchain do na haibhneacha ar fad agus lucht foirne OPW a bhí i mbun na n-oibreacha fein. Deanann foireann taighde de chuid IFI maoirseacht ar na hoibreacha chomh maith le monatóireacht ar an eifeachtúlacht.

Chomh maith leis an gciste, thug OPW tacaíocht bhreise don togra; in áit airgid, chuir siad tiománaithe, feithiclí, agus ábhar cláir, carraige agus gairbhéil ar fáil. Cuid lárnach den chlár is ea sraith bhliantúil d'iniúchtaí i leith chúrsaí feidhmíocht tiomána maidir le 'cothabháil feabhsaithe', a thugann foireann IFI faoi go náisiúnta, a chur i bhfeidhm. Baintear amach an sprioc de 33% maidir le hiniúchtaí ar na foirne tiomána.

Bhí dhá aidhm leis an gclár comhoibre seo idir an Brainse Seirbhísí Innealtóireachta in Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus IFI, cláir obair chaipitil a dhéanamh ar 25km d'aibhneacha salmainidí draenáilte d'fhonn cur leis an táirgeacht sna réimsí iascaigh sin agus cur leis an mbithéagsúlacht timpeallachta i mbealach na habhann agus clár nua cothabhála ar 75km ar chainéil draenáilte ionas gur lú an tionchar a bheadh ag an ngnáthchothabháil draenála ar bhíothra bhealach na habhann.

Aidhm fadtéarmach an chlár seo ná dul i bhfeidhm ar mhodhanna oibre OPW ionas go dtabharfar faoi na hoibleagáidí dli maidir le cothabháil bhealaí abhann ar bhealach ina dtugtar aird ar na dualgaisí a bhaineann le Treoir an AE agus ar sheasmhacht bhealach na habhann ar codanna lárnacha iad.

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn


Seirbhísí Saotharlainne



Cuireann Saotharlann IFI seirbhís tástála agus cúnamh taca maidir le cúrsaí comhshaoil ar fud na tíre ar fáil don eagraíocht. Anuas air sin, déanann an tsaotharlann anailís faoin reachtaíocht maidir le ceadúnais IFI i ndáil le sceitheadh ó fheirmeacha éisc IFI. Cuireadh 2,806 sampla uisce faoi anailís i rith na bliana 2014. Chuir lucht foirne taighde agus feidhmiúcháin tús le tuarascáil maidir le lódáil chothaithigh i Loch Síleann in 2014.

Is modh mais-speictriméadracht é Mais-speictriméadracht Plasma Cúpláilte go hlonduchtach Eisídiúcháin Léasair (LA- ICP-MS) ar féidir déantús eiliminteach de shamplaí soladstaide a ríomh, mar shampla gainní nó otailit. Leis an teicneolaíocht seo, is féidir le heolaithe a thuiscint cé acu eilimintí a fhaightear i ngainní éisc agus in otailit (cnámha cluaise) agus cé mhéad díobh atá ann. Is féidir an timpeallacht faoi leith ina bhfaightear codanna áirithe na n-eilimintí seo a aimsiú leis an eolas seo agus is féidir a aimsiú cé acu iasc a tháinig as cé acu loch.

Tugadh togra piolótach chun críche in 2014 maidir le treochoirí earcaíochta ar Loch Measca, inar baineadh úsáid as an teicneolaíocht seo. Rinneadh micricheimice na príomhshruthanna sceathraí a aithint tríd an anailís a rinneadh ar ghainní éisc agus chun breac donn a gabhadh ar Loch Measca, a rinneadh sampláil orthu in 2012 agus 2013, a chur ar ais i sruthanna a mbreithe. Rinneadh scrúdú ar thréimhse gluaiseachta na líonta bric ó shruth a mbreithe go loch. As na samplaí éagsúla a cuireadh ar fáil, bhíodhas in ann go leor iasc a cheangal le sruth a mbreithe. Chomh maith leis sin, léirigh anailís go sceitheann go leor de líon na mbreac donn i Loch Measca. Cuireadh páipéar eolaíoch maidir leis an obair seo i láthair 'The Journal of Fish Biology' agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar an bpáipéar sula bhfoilseofar é.





Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Forbairt Gnó



Tá Rannóg Forbartha Gnó IFI freagrach as cúrsaí margalochna agus as acmhainn slatiascaireachta na hÉireann a chur chun cinn. Déantar cúram bolscaireachta IFI a chomhlíonadh trí chlár éagsúla, trí chomhpháirtíocht agus trí thacaíocht. Tá Rannóg Forbartha Gnó IFI freagrach as riachtanas lóistíochta IFI freisin agus maidir leis seo ba bhliain an-ráthúil i 2014.

Is maith leis an gComhrannóg Forbartha Gnó agus Lóistíochta a chur in iúl gur baineadh amach na spriocanna a leagadh amach i bplean gnó 2014 lena n-áirítear; Lóistíocht maidir le bogadh ó cheanncheathrú IFI i Sord go dtí an cheanncheathrú nua in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24; tús a chur le hullmhúcháin le haghaidh an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta; tacaíocht ó go leor eagraíochtaí éagsúla trí scéimeanna cistiúcháin 2014.

Ainneoinn laghdú ar acmhainní, cuireadh gach clár i gcrích mar thoradh ar an mbeartú tosaíochta agus ar an gcur chuige comhpháirtíochta atá i bhfeidhm. Tugann an t-alt seo breac-chuntas ar chlár áirithe a chuir an Rannóg i gcrích in 2014.

Forbairt Gnó & Cumasú na nGeallsealbhóirí

An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta

De réir an Staidéir Shocheacnamaíoch um Shlatiascaireacht Áineasa in Éirinn a foilsíodh in 2013 meastar go gcuireann slatiascaireacht áineasa €755 le geilleagar na hÉireann gach bliain. Tugann an Bord tosaíocht do cheapadh Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta (NSAD) mar thoradh ar an staidéar seo agus mar gheall ar an gcrítéir a ardú maidir le teacht isteach eacnamaíoch, le tacaíocht agus tograí chun inbhuanaitheacht acmhainn slatiascaireachta na hÉireann agus chun forbairt inbhuanaithe leanúnach na hacmhainne sin a chinntiú le go mbainfear gach buntáiste is féidir (sóisialta agus eacnamaíoch) amach ar son na hÉireann. Meastar go gcuidíonn Slatiascaireacht Áineasa le 10,000 post a chruthú in Éirinn, go háirithe i bpobail tuaithe agus fhorimeallacha; bíodh sin mar atá, is féidir tuilleadh post a chruthú trí fhorbairt inbhuanaithe agus trí chothabháil na hacmhainne. Leis seo tiocfaidh borradh faoi líon na slatiascairí a chuirfidh le luach na slatiascaireachta do gheilleagar na hÉireann.

Ó bunaíodh IFI, is é an straitéis a chuirtear i bhfeidhm geallsealbhóirí a chumasú chun dul i mbun oibreacha forbartha iascaigh. Chun na críche sin chruthaigh IFI scéimeanna arna maoiniú go dtí seo ag ranníocaíochtaí caomhantais ó cheadúnais bhradáin agus trí ioncam ó dhíolacháin cheadúnais.

In 2014 cuireadh €410,000 ar fáil do chlubanna, d'úinéirí iascaigh, d'iascairí tráchtála bradáin agus d'eagraíochtaí eile trí Chiste Chaomhnú an Bhradáin (€200,000), tríd an gCiste Iascaigh Lár Tíre (€50,000) agus trí Chiste na gComharchumann (€160,000) chun dul i mbun oibre le gnáthóg, stoic, bealach isteach a fháil, bainistíocht maidir le speicis ionracha, slatiascaireacht srl a fheabhsú faoi mhaoirseacht agus faoi threoir IFI. Fuair IFI €125,000 eile ó thionscnaimh áineasa tuaithe agus chuir iarratais isteach ar thionscadail áirithe. Tugadh maoiniú do 40 club slatiascaireachta agus grúpaí pobal le haghaidh 44 tionscadal faoi na scéimeanna éagsúla.



An Straitéis Náisiúnta
um Fhorbairt
Slatiascaireachta

Acmhainn Iascach Intíre agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann



Tacaíocht Forbartha

Ba chiste 'aon-uaire' é Ciste na gComharchumann in 2014 ina raibh na cistí éagsúla a tugadh ar ais go IFI tar éis dhíscáileadh na gCumann Forbartha Breac agus Garbhéisc. Tugadh maoiniú ón gciste seo do sheacht ngrúpa slatiascaireachta agus pobail as ceithre réigiún. Beidh tuairisc ar fáil ar láithreán gréasáin IFI nuair atá na tionscadail curtha i gcrích.

Rinneadh iarracht chun ceadúnaithe iascaigh stáit IFI a chumasú; d'eisigh IFI ceadúnais níos fadtéarmaí do chlubanna agus do chumann a bhfuil pleananna bhainistíocht iascaigh faofa acu chun iascach stáit a fhorbairt. Cuireadh sé bliana le ceadúnais i gcásanna ar leith. Tugann ceadúnas sé bliana deis do chlubanna iarratas a chur isteach ar dheontais LEADER.

Láithreáin Gréasáin

Tá cumas fairsing ag láithreáin gréasáin Iascaigh Intire na hÉireann, a mbíonn liostú tréan ag baint leo sna hinnill chuardaigh is mó agus is minic ceangal á dhéanamh leo trí ábhar gaolmhar ar láithreáin eile. Cuireann sé seo borradh ar leith faoi scaipeadh na nuachta slatiascaireachta, faoi theachtaireachtaí margaíochta agus faoi chumarsáid chorporáideach le geallsealbhóirí. In 2014, shroich IFI 820,915 duine in Éirinn, sa RA, san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh trína ardáin ar líne. Rinne na húsáideoirí seo 4,501,847 leathanach a rochtain d'ábhair bainteach le slatiascaireacht in Éirinn, bithshlándaí, speicis ionracha, bainistíocht iascaigh, tionscadail taighde éagsúla agus comhairle comhshaoil - cothrom le breis agus 75,000 leabhrán 60-leathanach.

Bíonn ról lárnach ag láithreán gréasáin IFI www.fishinginireland.info agus slatiascairí baile agus turasóra á gcur i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse sa roinn slatiascaireachta agus i rith na bliana 2014 rinneadh 99,167 atreoruithe chuig láithreáin gréasáin na soláthraithe seirbhíse. Rinneadh dhá láithreán gréasáin a fhorbairt in 2014 don 2ú Siompóisiam ar an mBreac Geal agus don Mheasúnú Riosca d'Éire maidir le Speicis Neamhdhúchasacha.

Na Meáin Shóisialta

Tá an-luach ag baint le húsáid na meán sóisialta chun dul i dteagmháil le geallsealbhóirí. Déantar tuairiscí slatiascaireachta a phostáil ar an mblag ag www.fishinginireland.info agus a tvuíteáil chuig an lucht leanta ar Twitter. Bhí breis agus 5,544 'toga' ar Facebook do phostálacha IFI faoi shlatiascaireacht in Éirinn agus d'fhógraí eile in 2014 (suas 47%) ar féidir le 18,242 duine iad a fheiceáil in aon lá amháin.

Cé gur forbairt dhearfach í na meáin shóisialta i leith chumarsáid le geallsealbhóirí agus chur chun cinn phróifil na heagraíochta, tá tugtha faoi deara ag IFI méid suntasach d'ábhar atá an-mhaslach agus míthreorach á phostáil d'aon ghnó ar thairseacha na meán sóisialta agus is ábhar buairt é do IFI go bhfuil an claonadh seo ag dul i méid.

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

R-Ghnó



Ar aon dul le polasaí an Rialtais, déanann IFI iarracht seirbhísí níos éifeachtúla a fhorbairt. Chun na críche seo, leantar leis an nós atá ann Ceadúnais Ghrúpa Iascaigh Lár Tíre a dhíol ar láithreáin gréasáin IFI agus a sholáthar go leictreonach chuig custaiméirí. Tá forbairt á dhéanamh ar tháirge eile atá cosúil leis seo chun ceadúnais bradáin a sholáthar leis na comhghníomhaireachtaí, Gníomhaireacht na Lochanna (LA) agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (DCAL) i dTuaisceart Éireann faoin togra INTERREG.

Urraíocht

Faoi scéim urraíochta IFI 2014, bronnadh €100,457 ar chlubanna, chónaidhmeanna, ghrúpaí pobail srl chun tacú le comórtais, tograí slatiascairí núíosacha, foireann náisiúnta slatiascaireachta, duaiseanna, fearas srl. Bronnadh tacaíocht breise i bhfoirm chúnamh foirne, fearais iasachta agus fhoráil ionad chomh maith.

Léiríonn an réamh-thaighde go gcuidíonn an cineál urraíochta sin le gníomhú eacnamaíoch agus go dtacaíonn sé le postanna sna ceantair ina mbíonn imeachtaí slatiascaireachta ar siúl. Léiríonn comhthionscadal taighde idir IFI, An Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (NUI) gur amhlaidh a chaitheann na slatiascairí a ghlacann páirt i gcomórtas níos mó airgid ná slatiascairí fóillíochta.

Tugadh tacaíocht do nach mór 100 imeacht in 2014 lena n-áirítear foireann Chónaidhm Iascairí Breac na hÉireann (TAFI) ag Craobh an Domhain sa bhFlaidireacht i bPoblacht na Seice, Féile Basa na hÉireann i dTrá Mhór, Slatiascaireacht d'Fhorbairt Óige (AFYD), clár oiliúna ó Chumann Forbartha Slatiascaireachta na hÉireann (IADA), clár teagaisc slatiascaireachta ó Shlatiascaireacht Fóillíochta Éireann, Craobhchomórtas an Domhain do Bheirteanna, Craobhchomórtas an Domhain san iascaireacht foshruatháin i gCorcaigh agus Féile na mBád Beag i Ros Láir agus go leor imeachtaí eile.

Beolíne 24-uair

Oibríonn IFI beolíne Rúnda 24-uair ag 1890 34 74 24 nó (1890 FISH 24) ar féidir le daoine atá buartha glaoch air maidir le heachtraí truaillithe, scalladh nó faoi láithreach speicis ionracha, tuairisc a thabhairt. Le linn 2014, glacadh le 522 glaoch ar an mbeolíne. An chúis ba chomónta le glaoch a chur ar an mbeolíne ná eachtra iascaireachta midhleathach a thuairisciú 241 (síos 2%). Bhain 122 glaoch le heachtraí truaillithe (suas 5%), thuairiscigh 9 nglaoch láithreach speicis ionracha (suas 50%) agus b'fhiosrúcháin ghinearálta iad 150 de na glaonna (síos 3%).



1890 34 74 24

Acmhainn Iascach Intíre agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Margaíocht agus Bolscaireacht



Bolscaireacht slatiascaireachta - Seó Trádála

In 2014, d'fhreastail lascach Intíre Éireann ar cúig chinn déag de sheónna trádála ar fud na hÉireann, na Fraince, na hÍsiltíre, na Gearmáine, na hIodáile, na Beilge agus na RA, méadú 30% ar 2013. Roghnaíodh na seónna trádála seo mar gheall ar an gclú atá orthu maidir le custaiméirí agus na meáin a bhaint amach. Bhí meascán difriúil le fáil ag gach seó trádála ó thaobh cúrsaí slatiascaireachta agus na spriocmhargai, roghnaigh IFI baill foirne a bhfuil an saineolas cuí agus na scileanna teanga acu le go mbainfi an tairbhe is mó amach ón infheistiú seo. I gcásanna áirithe, tugadh cuireadh go hardán IFI do shlatiascairí mór le rá ón gceantar chun cúrsaí tinrimh a fheabhsú; is amhlaidh gur gléas éifeachtach margaíochta é seo. Fuarthas aiseolas dearfach ó bhaill foirne agus lucht trádála a bhíonn i láthair ag na seónna. Glactar leis go bhfuil sé rithábhachtach 'Éire' a bheith i láthair ag seónna slatiascaireachta thar lear chun an clú leanúnach a chinntiú maidir le táirge slatiascaireachta na hÉireann sna margai éagsúla. Bíodh sin mar atá, cé go mbíonn sé deacair éifeacht na seónna seo a mheas, is léir ón bpáirt a ghlacann lucht tionscail ag ardán IFI, agus an tacaíocht a fhaightear ó na gníomhaíochtaí turasóireachta, tábhacht na seónna chun cuairteoirí a mhealladh.

D'fhreastail lascach Intíre Éireann ar sheónna slatiascaireachta leis an slatiascaireacht a chur chun cinn i gcomhar le comhghleacaithe ón Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (DCAL) agus Gníomhaireacht na Lochanna (LA) faoin mbranda 'Angling in Ireland'. Tá an trí ghníomhaireacht ag leanacht leis an gcomhoibriú agus cuireadh comh-fhéilire eachtraí le chéile le haghaidh séasúr na seónna 2015.

Iriseoirí & Altanna

Eagraíodh agus stiúraíodh cúig thuras déag d'Iriseoirí in 2014. Rinneadh na turais seo a reachtáil i gcomhar leis na comhpháirtithe turasóireachta agus le cúnamh ó sholáthraithe seirbhíse slatiascaireachta ar fud na tíre. Thug iriseoirí ón Fhrainc, an RA, an Ghearmáin, an Ísiltír, agus SAM cuairt ar Éirinn i rith na bliana ag tabhairt aghaidh ar réimse leathan na slatiascaireachta. Táthar ag súil go mbeidh 2 alt i gcló agus go leor cinn eile ar líne mar thoradh ar gach turas.

Mar thoradh ar chuairteanna urraithe na meán, foilsíodh 48 alt i nuachtáin slatiascaireachta i rith 2014. Ba é luach measta na n-alt seo i dtéarmaí ráta fógraíochta coibhéise ná breis agus €339,000. Shonraigh na hailt seo saibhreas na slatiascaireachta atá ar fáil in Éirinn agus ba chóir go gcuideoidh na hailt le clú na hÉireann a chothú agus a chaomhnú mar cheannphointe ardchaighdeán slatiascaireachta. Ní chuirtear na hailt ar líne in áireamh leis na hailt seo mar tá sé dodhéanta iad a ríomh i gceart.



Ábhar Bolscaireachta

I rith na bliana 2014, cuireadh amach seacht gcinn de leabhráin agus ábhar bolscaireachta eile, ina measc aistriúchán nua Gearmáinise ar chóras na hÉirne, treoirleabhar ar shlatiascaireacht liúis agus leabhrán nua chun slatiascaireacht a chur chun cinn i gceantar na dTailte Lochanna i gcomhar le Tailte Lochanna agus Uiscebhealaí Intíre. Is féidir na leabhráin seo a fháil ag <http://www.fisheriesireland.ie/Angling/angling-publications.html>. Dearadh agus priontáladh póstaer nua 'Speicis Éisc' freisin le go n-úsáidfí é sna cláir oideachais agus sna cláir chaidrimh allamuigh ar fud na tíre. Nuair a cruthaíodh an branda 'Angling in Ireland' i gcomhfhiontar le LA and DCAL rinneadh bratacha bolscaireachta agus éadaí brandáilte ar bhain na trí ghníomhareacht úsáid astu agus iad ag freastal ar sheónna trádála. Leis an gcur chuige lárnach seo neartaítear an comhbhranda agus feabhsaítear cúrsaí teagmhála le tomhaltóirí ag seónna trádála.

Chuir IFI fis YouTube amach 'Guide to Fly Fishing for Pike' i mBéarla agus i nGearmáinis, chomh maith le go leor gearrthóg a postáladh ar chainéal YouTube IFI. <https://www.youtube.com/user/IrishAnglingUpdate>

Cúrsaí Oideachais agus Feasachta

Reáchtálann agus tacaíonn IFI le trí mhórchlár oideachais agus caidrimh allamuigh; an clár Something Fishy, Seachtain Feasachta na nIascach agus Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Atha Cliath. Tacaíonn IFI freisin le himeachtaí agus le heolas do slatiascairí níosacha, don phobal i gcoitinne, d'fheirmeoirí agus d'úinéirí talún agus do réimse geallsealbhoirí eile. I rith 2014 ghlac IFI páirt i gcláir teilifíse agus raidió inar leagadh béim ar luach acmhainn an iascaigh intíre, ar an tslatiascaireacht agus ar na riachtanais chaomhnaithe agus bhainistíochta.

Something Fishy

Ta an tionscadal seo dirithe ar dhaltai i rang a cúig agus rang a sé sa bhunscoil agus bunaithe ar an gcuraclam Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE). Is é cuspóir an tionscadail páistí a chur ar an eolas maidir le hacmhainní iascaigh agus go dtuigfidh siad an tábhacht a bhaineann leis an timpeallacht agus an ngnáthóg iascaigh ina gceantar. Déantar iniúchadh sa chlár ar ghnéithe éagsúla maidir le saol an éisc, ina measc saolré an bhradáin, speicis éisc, modhanna slatiascaireachta agus lochanna agus aibhneacha na hÉireann a chaomhnú. Is acmhainn oideachais í atá bunaithe ar ghníomhaíocht agus tá sé in ainm is a bheith suimiúil agus mealltach do dhaltai agus do mhúinteoirí araon. Is í seo an t-aonú bliain déag den chlár fóna seo agus don bhliain acadúil romhainn, 2014/15, beidh 'Uisce' mar théama an tionscadail ranga. Ní fhéadfaí an clár a reachtáil i gceart gan Ionad Oideachais na Carraige Duibhe (i mbun comhordanáidiú) agus ionaid oideachais eile ar fud na hÉireann.



Seachtain Feasachta na nIascach

Cuireadh 51 imeacht fóna ar bun ar fud na tíre le haghaidh cur chun cinn agus oideachas slatiascaireachta, rud a mheall go leor slatiascairí nua chun na hiascaireachta agus mealladh suim na meán sna ceantair chomh maith. Ar na gníomhaíochtaí, bhí slatiascaireacht ar farraige, iascaireacht ar abhainn, ceachtanna ar bhuille dorú flaidireachta a thabhairt, iascaireacht ar loch, taispeántais san uisce, Lá Slatiascaireachta do Chumann Siondróm Down na hÉireann, Bitheagsulacht an Chladaigh, cainteanna faoin gcomhshaoil, agus 'Discovering How to Fish'.

Tá de chuspóir ag Seachtain Feasachta na nIascach daoine fásta agus leanai nach bhfuil iascach déanta acu roimhe sin a spreagadh chun tabhairt faoi chaitheamh aimsire nua. Agus IFI ag obair le daoine fásta agus leanai i rith na seachtaine, déantar ról sheirbhís na n-iascach a chur chun cinn maidir le cosaint, bainistíocht agus caomhnú acmhainn an iascaigh. Cuireadh Seachtain Feasachta na nIascach 2014 ar bun ón 16ú go dtí an 25ú Bealtaine le tarlú ar aon am le Lá Domhanda Imirce na nIasc ar an 24ú Bealtaine agus 'Bioblitz' ar an 24ú agus 25ú Bealtaine.

Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath (DAI)

Cuireadh Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath (DAI) ar bun i 1995. Is iad príomhchuspóirí an chlár slatiascaireachta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a fheabhsú i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaird. I rith 2014, reachtáil DAI láthair idirghníomhach do theaghlaigh ag an Seó Slatiascaireachta Náisiúnta i Sord ar an 15ú agus 16ú Feabhra. Bhí ceardlanna ann ar ghéimiascaireacht, ar gharbhiascaireacht agus ar iascaireacht mhara. Bhí níos mó ná 20 oibrí deonach ann ag obair ag an ardán ar feadh dhá lá. D'éirigh thar cionn leis an seó agus cuireadh go mór le suim daoine sa tslatiascaireacht, idir theaghlaigh agus thosaitheoirí. Ghlac 89 ógánach páirt sna cúrsaí iascaireachta a cuireadh ar bun i rith an tsamhraidh. Bhí buachaillí agus cailíní idir aon bhliain déag d'aois agus cúig bliana déag d'aois sa ghrúpa agus ghlac siad páirt i ngéimiascaireacht, i ngarbhiascaireacht agus in iascaireacht mhara. Bhí nach mór leath de na hógánaigh tar éis freastal ar chúrsaí iascaireachta cheana agus ba ghiantosaitheoirí iad an leath eile. D'fhoghlaim siad conas buille dorú a thabhairt, snaidhmeanna a chur, baoite a chur ar dhuáin, iasc a láimhseáil agus a scaoileadh saor go sabhailte. Cúrsaí iascaireachta trí lá a bhí i gceist den chuid is mó le lá amháin gharbhiascaireachta ag 'Aughrim Angling for All' agus ag Iascach Bric Áth na mBó, i gContae Chill Mhantáin an dá áit. Rinneadh an iascaireacht mhara ag an Trá Theas sna Clocha Liatha agus rinneadh an gharbhiascaireacht ag láithreacha éagsúla ina measc An Chanáil Rioga ag Maigh Nuad agus ag Iascach Carbáin Bhaile Ghal na Maoile san Iarmhí.

D'oibrigh foireann IFI le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun maoiniú a dhaingniú do siúit le go bhféadfaí cóireáil a dhéanamh i linn bheag i nDarndál ar an speiceas ionrach uisceach, líobhógach Afracach (*Lagarosiphon major*). Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath €6,000 don tionscadal agus i mí Dheireadh Fómhair rinne IFI, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an siúit a chur síos. Thug geallsealbhóirí ón gceantar an-chúnamh don tionscadal. Is eiseamláir an comhoibriú seo den chaidreamh láidir agus suntasach atá ag fás leis na blianta fada idir IFI, tríd an DAI, agus geallsealbhóirí slatiascaireachta i nDarndál.



Bainistíocht i ndáil leis an mBradán

An Scéim Clibeála maidir leis an mBradán agus an Breac Geal

In 2014, bunaithe ar chomhairle eolaíoch, mhol lucht bainistíochta go n-osclofaí 87 abhainn 1 (breith agus scaoileadh mar rogha) agus go gcuirfí deireadh le hiascaireacht bric agus bradáin ar 56 abhainn 2. Bhí córas lenar bhain clibeanna geolbhaigh donna in úsáid ar aibhneacha áirithe nuair a measadh gur ghá a chinntiú nach sárófaí cuóta slatiascaireachta bradáin bunaithe ar an abhainn.

Is iad na príomhchuspóirí atá leis an Scéim Clibeála maidir leis an mBradán Fiáin agus an Breac Geal modh oibre a chur ar fáil chun sonraí den chruinneas faoina ngabháil a chur ar fáil chomh maith le meastacháin faoin saothrú a dhéantar ar stoc an bhradáin agus an bhric ghil, straitéisí sárbhainistíochta a fhorbairt agus cinntiú gur ar bhealach inbhuanaithe a dhéantar saothrú ar na speicis sin ar bhonn náisiúnta, ar bhonn abhantraí, ar bhonn ceantar iascaigh agus ar bhonn na habhann.

Faoi na rialacháin, tá dlíte ar gach iascaire clibín códaithe a chur le gach bradáin (nó le gach breac geal os cionn 40cm) a thógtar agus a choinnítear. Ní mór iontráil a chur sa táscleabhar ina luaitear sonraí faoi gach iasc a gabhadh. Ní mór na tásclaibhair uile agus na fuilleach na gclibíní a thabhairt ar ais chuig oifig RBD mar a leagtar amach sna Rialacháin faoin Scéim Clibeála maidir leis an mBradán agus an mBreac Geal.

Cuireann lucht foirne IFI na sonraí i mbunachar sonraí náisiúnta agus déantar deimhniú, tiomsú agus anailís maidir leis na sonraí ina dhiaidh sin go gcuirtear le chéile an Tuarascáil Bhliantúil Staitisticí maidir leis an mBradán Fiáin agus an Breac Geal. Cuirtear faisnéis luachmhar ar fáil sna tuarascálacha sin do na bainisteoirí iascaigh, do lucht eolaíochta, do lucht ceaptha beartais agus do lucht ceaptha reachtaíochta agus cuidíonn siad le leagan amach agus cur i bhfeidhm na bpolasaithe agus na straitéisí i ndáil le stoc an bhradáin agus an bhric ghil in Éirinn a chaomhnú. Is féidir na tuarascálacha is déanaí (2001-2013) a íoslódáil ó láthair gréasáin IFI ag <http://www.fisheriesireland.ie/Salmon-Management/wild-salmon-and-sea-trout-statistics.html>

Gabháil an Bhradáin

Is léir ó Staitisticí na bliana 2014 faoin mBradán Fiáin agus an Breac Geal gurbh ionann líon iomlán na mbradáin a tógadh ar bhealach ar bith (breith agus scaoileadh saor san áireamh) agus 27,420 bradáin agus 1,553 breac geal (níos mó ná 40cm) faoi seach, íslíu 36.2% ar líon na mbradáin a gabhadh i rith na bliana 2013 (42,985) agus íslíu 13.6% maidir le líon na mbreac geal a gabhadh i rith na bliana 2013 (1,797).

9,570 bradáin agus 41 breac geal (os cionn 40cm) a gabhadh ar bhonn tráchtála i rith na bliana 2014, 65% den Ghabháil Ceadaithe Iomlán (TAC) 14,834 iasc a bhí leagtha amach d'earnáil na hiascaireachta tráchtála. 17,850 bradáin agus 1,512 breac geal (os cionn 40cm) a gabhadh le slat i rith na bliana 2014. As an 17,850 bradáin a ghabh iascairí slaithe, rinneadh 11,313 a mharú agus scaoileadh 6,537 saor arís. Rug iascairí tráchtála ar 35% den bhradáin a gabhadh sa bhliain 2014, i gcomparáid le 33% sa bhliain 2013 agus rug slatiascairí fóillíochta ar 65% den bhradáin sa bhliain 2014 i gcomparáid le 67% sa bhliain 2013.

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

¹ Caomhnú an Bhradáin agus an Bhric Ghil Fo-dhlí Uimh. 914/915-2013, 917/918/919/920/922/923/925/2014

² Caomhnú an Bhradáin agus an Bhric Ghil Fo-dhlí Uimh. 316-2013



Bhí aimsir bhreá ann i 2014 agus bhí cúinsí iascaireachta go maith, a chuidigh leis na hiascairí i rith an tséasúir. Ina ainneoin sin, bhí líon na mbreitheanna ní b'íse ná blianta roimhe le himirce mall na mbláthán, go leor dóibh beag, agus ba bheag an líon breac geal a bhí le feiceáil. Bhí an meánmheáchan idir 2-4 kg le cuma mhaith ar na héisc agus fuarthas tuairiscí ar éisc chomh mór le 9 kg. Rugadh ar thromlach na n-iasc sa dara leath den séasúr. €12/kg an meánphraghas a bhí ann ach bhí praghsanna ann óna €10-€25/kg de réir méid agus caighdeán an éisc.

Gabháil an Bhradáin	2014	2013
Slatiascaireacht agus lascach Tráchtála Líon iomlán na mbradán trí iascaireacht slaite agus iascaireacht tráchtála	27,420	42,985
lascach Tráchtála Sonraí faoi líon iomlán na mbradán a gabhadh trí iascaireacht tráchtála	9,570	14,125
Slatiascaireacht agus lascach Tráchtála Líon iomlán na mbradán a gabhadh trí iascaireacht slaite agus a coinníodh	11,313	18,178
Líon iomlán na mbradán a gabhadh trí iascaireacht slaite agus a scaoileadh ar ais san uisce	6,537	10,682
Líon iomlán na mBradán a gabhadh trí iascaireacht Slaite	17,850	28,860

Díolachán Ceadúnais & Tuairiscí na dTásacleabhair

Díoladh 18,085 ceadúnas slaite maidir leis an mbradán le hiascairí slaite as 52 tír éagsúl, líon is ionann agus laghdú 5.4% i gcomparáid le díolacháin na bliana 2013 (19,109). Le daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a díoladh mórchuid (63%) na gceadúnas, le daoine as Tuaisceart Éireann a díoladh 11% agus le daoine a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe a díoladh 9% eile agus líon suntasach slatiascairí a tháinig ón Fhrainc (5%) agus ón Ghearmáin (3%). Chuir slatiascairí 12,880 tásacleabhar isteach i rith na bliana 2014, le ráta tuairisce 71% go náisiúnta, íslíú ó ráta 73.5% maidir le tuairiscí tásacleabhar sa bhliain 2013 (14,035). Is féidir na tuarascálacha bliantúla staitisticí maidir leis an mbradán fiáin agus an breac geal, a leagann amach díolacháin ceadúnais agus an bhreith a ghabh leo sna haibhneacha éagsúla, a fheiceáil agus a íoslódáil ar láthair gréasáin IFI ag <http://www.fisheriesireland.ie/Salmon-Management/wild-salmon-and-sea-trout-statistics.html>



Láithreacha na dTionscadal Faofa faoi Chiste Stampa Chaomhnú an Bhradáin

FÉACH AGUISÍN III
chun liosta iomlán de na
tionscadail seo a fháil



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Ciste Chaomhnú an Bhradáin

Cuireadh Ciste Chaomhnú an Bhradáin (SCF) ar bun sa bhliain 2006 chun airgead a chur ar fáil d'athshlánú aibhneacha bradáin in Éirinn trí chuid den airgead a bhailiú ó na ceadúnais maidir leis an mbradán agus an breac geall. Is féidir le hiascairí tráchtála, úinéirí iascach, bruachúinéirí agus úinéirí talún, a bhfuil suim acu iascach a fhorbairt, an ciste a rochtain. I measc na gcineálacha tionscadail lena gcabhraíonn an ciste a fhorbairt áirítear obair fheabhsúcháin ar bhealaí éisc agus ar ghnáthóga. Is é fócas an chiste ná líon na mbradáin a fheabhsú agus a fhorbairt faoi mar a thagann an t-airgead ón roinn seo. Tugtar tús áite d'aibhneacha i limistéir nach raibh an Teorainn Caomhantais (CL) a sásamh ina leith. Tá fáil ar Thuarascálacha Chiste Chaomhnú an Bhradáin ó 2007 ar aghaidh le leagan amach na gcistí faighte, faoi mar a leithdháileadh iad, agus a gcatagóirí. Is féidir na tuarascálacha seo a fháil agus a íoslódáil ar láithreán gréasáin IFI ag an nasc seo: <http://www.fisheriesireland.ie/Salmon-Management/salmon-conservation-fund.html>. Is é 'Tuarascáil Chiste Chaomhnú an Bhradáin 2013' an tuarascáil is déanaí atá ann agus a bhaineann le hairgead a bailíodh in 2013 (€541,000) agus leithdháileadh á dhéanamh air ar thionscadail inchailithe in 2014. Déantar an t-airgead nár caitheadh sna blianta roimhe seo a thabhairt ar aghaidh agus a athdháileadh ar thionscadail inchailithe eile agus mar thoradh bronnadh níos mó ná €570,000 ar thionscadail in 2014.

Tugadh faoi thionscail mhóra a maonáíodh faoi Chiste Chaomhnú an Bhradáin (SCF) ar Abhainn an Mháma, ar Abhainn Dhún Coillín, ar an mBolisce, ar an Abhainn Gharbh agus ar Abhainn na hOirimhe. Thug comhlacht forbartha tacaíocht don obair ar an mBolisce, gar don Spidéal, trí héileacaptar a fháil ar cíós le go bhféadfaí gairbhéal sceite a ardú agus a thabhairt chomh fada leis na láithreacha doshroichte agus a leathadh de láimh. Lean an nasc ar láthair gréasáin IFI chun sonraí a fháil maidir le leithdháileadh an airgid ó Chiste Chaomhnú 2013 maidir le tionscadail ar tugadh fúthu tar éis léirmheasa in 2014.

<http://www.fisheriesireland.ie/salmon-conservation-fund-1/481-salmon-conservation-fund-report-2013>

Fo-dhlíthe agus Ionstraimi Reachtúla den bhliain 2014

Bhain na príomh-fhodhlíthe a tugadh isteach maidir le séasúr na bliana 2013 le caomhnú stoc an bhradáin agus an bhric ghil. Cuireadh fo-dhlíthe i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil araon chun soláthar d'uasteorainneacha le málaí iascaigh i ndáil le hiascaireacht bradáin agus bric ghil (Fo-dhlíthe Uimh. 915 den bhliain 2013 and 925 den bhliain 2014), iascaigh a oscailt ar bhonn breith agus scaoileadh saor (Fo-dhlíthe Uimh. 914 agus 314 den bhliain 2013, 917, 918, 919, 920, 922, 923, den bhliain 2014), agus réimsí áirithe iascaigh a dhúnadh nuair a measadh gur ghá cosaint leordhóthanach a thabhairt do stoc an bhradáin agus an bhric ghil (Fo-dhlí Uimh. 316 den bhliain 2013 agus 317 den bhliain 2014).

Cuireadh srianta eile i bhfeidhm maidir le gach modh slatiascaireachta ar réimsí iascaigh áirithe atá dúnta nó oscailte ar bhonn breith agus scaoileadh saor trínar cuireadh cosc ar dhuán ar bith a úsáid ach amháin duán singil gan friofac, agus an úsáid sa slatiascaireacht as péisteanna mar bhaoite nuair a measadh gur ghá bearta cosanta breise do stoc an bhradáin agus an bhric ghil (Fodhlí Slatiascaireachta Uimh. 907 den bhliain 2013).

Rinneadh rialacha maidir le hiascaireacht tráchtála an bhradáin agus an bhric ghil, maille le mionsonraí faoi na haibhneacha ina raibh iascaireacht tráchtála ceadaithe agus tráth oscailt agus dhúnadh an tséasúir, a leagan amach i bhFodhlíthe éagsúla (Fo-dhlí Uimh. 924 agus 927 den bhliain 2014). Rinne IFI na fodhlíthe thuas a mholadh, bunaithe ar an gcomhairle bainistíochta agus eolaíochta is fearr agus ar an gcomhairliúchán leis na geallsealbhóirí, agus ansin a chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha. Tar éis don Aire aontú leo agus iad a shíniú, rinne foireann allamuigh IFI na fodhlíthe seo a chur i bhfeidhm. Tugtar liosta de na Fo-dhlíthe a bhaineann le hábhar a tugadh i bhfeidhm i rith na bliana 2014 ar láthair gréasáin IFI: <http://www.fisheriesireland.ie/publications/fisheries-legislation-and-regulations.html>



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Acmhainní Daonna



Leagadh sprioc síos do Rannóg Acmhainní Daonna de chuid Iascach Intíre Éireann maidir le leibhéal foirne 306 a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2015 (Creat Rialaithe Fostaíochta (ECF)).

I rith na bliana 2014, tháinig laghdú ar leibhéal foirne IFI ó 314.1 ball foirne ar an 31 Nollaig 2013 go dtí 299.6 ball foirne ar an 31 Nollaig 2014. Is ionann sin agus laghdú 14.5 ball foirne don bhliain agus 54.5 ball foirne ó cuireadh IFI ar bun sa bhliain 2010. 140.5 ball foirne IFI an laghdú iomlán ón mbliain 2009 i leith, laghdú 32%. Is mar gheall ar an Scéim Shaindirithe don Iomarcaíocht Dheonach (TVR), ar an ngnáthathra nádúrtha agus ar dhaoine ag dul ar scor a tharla laghdaithe 2014. Bhain IFI an ECF amach agus mar gheall air sin tabharfar aghaidh ar chúrsaí earcaíochta maidir leis an teorainn sin.

Forbairt shuntasach a tharla i rith na bliana ná an t-ardú céime d'fhoireann seachtar nduine is tríocha ar fostaíodh iad ina gComhoibrithe Ginearálta roimhe seo agus ar bronnadh ról an Oifigigh Iascaigh orthu. Leis na hardaithe céime seo, déanfar na seirbhísí cosanta a fhorfheabhsú.

Oiliúint & Forbairt

Tugadh Plean Oiliúna IFI don bhliain 2014 i gcrích i rith na bliana. Rinneadh siollabais traenála a fhorbairt a bhain leis na gráid éagsúla, bunaithe ar riachtanais bunscoileanna a ghabhann le ról áirithe in IFI. Is de réir na siollabas seo a dhéanfar na riachtanais oiliúna uile maidir le cúrsaí feidhmiúcháin a ullmhú agus i gcás oiliúint na mball foirne aonair leagfar pleananna amach i ndáil leis na cláir seo.

Tríd is tríd, cuireadh 39 clár oiliúna ar fáil d'fhoireann IFI i rith na bliana 2014, níos mó ná 2316 lá oiliúna, 7.75 lá ar an meán in aghaidh an fhostaí. Rinneadh costas na hoiliúna don bhliain 2013 a ríomh cothrom 4% den phárolla. Arís i rith na bliana 2014, chuir caighdeán na hoiliúna a cuireadh ar fáil ar chumas fhoireann IFI oibriú le breis sábháilteachta, ar bhealach níos éifeachtaí agus níos críochnúla maidir le cuspóirí na heagraíochta a thabhairt i gcrích agus seirbhís níos gairmiúla atá dírithe ar an gcustaiméir a chur ar fáil do na geallsealbhóirí. Féach Aguisín V le haghaidh liosta iomlán de na cláir a cuireadh ar fáil in 2014.

Forbairt shuntasach a tharla i rith na bliana ná cur i bhfeidhm oiliúint dhea-chleachtais maidir le RIB & le bunscoileanna báid. D'fhaomhaigh Oifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO) an cúrsa oiliúna agus an t-ábhar a ghabhann leis agus glactar leis gur tagarmharc iad na cúrsaí d'eagraíochtaí eile a théann chun na farraige. Tá an clár á cur i láthair na mball foirne uile a bhfuil baint acu leis an ábhar thar tréimhse trí bliana. Roinntear an clár i ndá ghné ar leith le cúig mhodúl iontu. Baineann an chéad cheann (bunfheidhmeanna báid) leis na baill foirne uile ar gá dóibh feidhmiú i mbáid (ar farraige agus cois cladaigh) agus díríonn an dara ceann (ardchúrsa mótarbháid san fharraige amuigh) ar bhaill foirne ar liagóirí phatróil RIB iad.



Caidreamh leis na Fostaithe

Bíonn cur chuige réamhghníomhach ag IFI maidir le bainistiú cúrsaí caidrimh leis na fostaithe, agus déanann IFI a ndícheall an fhoireann agus na ceardchumainn a chur ar an eolas faoi na cora is tábhachtaí. Mar thoradh, coinníodh an caidreamh tionsclaíoch ar an gcothrom i rith na bliana 2014 ainneoin na ndeacrachtaí leanúnacha ina bhfeidhmíonn IFI. Mar seo a cuireadh bainistiú mhórathrú i gcrích; lena n-áirítear an scéim maidir le hiocaíocht Breoiteachta sa tSeirbhis Phoiblí a thabhairt isteach agus aistriú IFI go hIarthar na Cathrach. Cuireadh Lá Corparáide na foirne ar bun sa bhliain 2014, mar a rinneadh i rith na mblianta roimhe sin, d'fhonn an fhoireann a chur ar an eolas maidir le cúrsaí an ghnó agus nithe a bhaineann leis sin.

Sláinte agus Sábháilteacht

Is bunchuspóir don fhoireann uile in IFI ardchaighdeán maidir le sláinte agus sábháilteacht a chothabháil. Bunchloch an chuspóra seo ná cur chuige fíor-réamhghníomhach maidir le bainistiú chúrsaí sláinte agus sábháilteachta mar a thagann siad chun cinn. Bunús an chur chuige seo ná feidhmiú an Choiste Sábháilteachta Náisiúnta a bhfuil ionadaithe sláinte oilte tofa ar an gcoiste. Chuir coiste na bliana 2014 an tréimhse in oifig i gcrích agus tiocfaidh coiste nuathofa i gcomharbacht orthu i dtús na bliana 2015. Le linn na tréimhse, d'oibrigh an coiste ar mhórábhair shábháilteachta áirithe lena n-áirítear an ráiteas náisiúnta sábháilteachta a uasdhátú, uasghrádú ar fhearas cosanta pearsanta agus ar ghnáis obair aonair, agus feabhas á chur ar láimhsiú.

Leanadh mar chuid mhórthábhachtach den chlár bainistíochta maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta den mheasúnacht maidir le baol don tsábháilteacht ar áitribh agus ar bhunáiteanna oibre IFI. Tá an clár sin leagtha amach ionas go ndéantar gach áitreabh a mheas gach re bliain agus obair fheabhsúcháin a dhéanamh nuair a thugtar easnamh ar bith chun aire. Rinneadh ocht gcinn is tríocha de bhearta measúnachta i rith na bliana 2014 chomh maith le measúnú ar stáisiúin difhabhtúcháin, ar áiritheoirí éisc, ar chásanna éisc, ar bháid bhuama agus ar shuirbhéanna fuaimíocht uisce.

Staitisticí maidir le Tuairiscí ar Eachtraí 2013

Bhí ceithre eachtra déag ar fad ar tharla gortú mar gheall orthu agus ar tugadh tuairisc orthu don Fheidhmeannach Sláinte & Sábháilteachta i rith na bliana 2014. B'ionann sin agus laghdú 25% i gcomórtas leis an mbliain 2013. Tugadh tuairisc don Údarás Sláinte & Sábháilteachta maidir le sé cinn de na heachtraí sin.



Saoráil Faisnéise (FOI)

Thainig seacht n-iarratas déag maidir le Saoráil Faisnéise (FOI) i rith na bliana 2014. Den seacht n-iarratas déag, bhain iarratas amháin le heolas pearsanta, bhain dhá cheann déag le heolas neamhphearsanta agus bhí eolas de chineál pearsanta agus de chineál neamhphearsanta araon ag baint le ceithre cinn de na hiarratais. As na hiarratais a tháinig, socraíodh an fhaisnéis a gheilleadh i gcás ocht gcinn, diúltaíodh an fhaisnéis a gheilleadh i gcás dhá cheann, tarraingíodh siar t-iarratas agus pléadh leis an gcás taobh amuigh den phroiseas FOI i gcás amháin agus bhí dhá iarratas a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2015.

Eolas faoin gComhshaoil a Fháil (AIE)

Fuarthas trí iarratas AIE i rith na bliana 2014. As an trí iarratas, socraíodh an t-eolas a gheilleadh i gcás dhá cheann agus tugadh ceann amháin ar aghaidh go dtí an bhliain 2015.

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá an luach saothair a thugtar do Phríomhfheidhmeannach Iascach Intíre Éireann de réir an scála maidir le Rúnaí Cúnta: íosmhéid €119,381 go dtí uasmhéid €136,276. Nóta: Tugtar san áireamh leis an scála a luaitear an laghdú ba ghá de réir théarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington.



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Cúrsaí Airgeadais & TFC



Is é a leagtar de ról ar an Rannóg Airgeadais & Rannóg Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide in Iascach Intíre Éireann (IFI) seirbhíse éifeachtúil maidir le bainistíocht airgeadais a chur ar fáil do IFI trí shraith chuimsitheach de chórais airgeadais agus TEC a sholáthar atá sochóirithe agus solúbtha go leor chun freastal ar éileamh athraitheacha IFI agus atá daingean go leor chun na caighdeáin is airde den rialachas corparáide a shásamh.

Ábhar áthais don Rannóg a thabhairt le fios go ndearnadh na spriocanna a leagtar amach i Gnó 2014 na heagraíochta a bhaint amach. Chomh maith leis an mbainistíocht airgeadais, an comhordú agus na seirbhísí taca saineolais a chur ar fáil do na rannóga go léir agus na taifid airgeadais chuí a choimeád don eagraíocht i rith na bliana 2014, tháinig an Rannóg leis na spriocdhátaí a bhaineann ó thaobh reachtaíochta agus ó thaobh rialachas corparáide i ndáil leis na Ráitis Airgeadais agus an Tuarascáil Bhliantúil.

Chuir an Rannóg comhairle airgeadais ar fáil freisin don bhainistíocht agus do Bhord IFI, cuntais airgeadais an Bhoird agus lón anailíse san áireamh.

Bhí an Rannóg i mbun bhainistíochta ar chúrsaí airgeadais agus ar chúrsaí dlí maidir le gach beart gnó maidir le háitribh i rith na bliana 2014 ar a n-áirítear feistiú áitreabh nua Bhaile Átha Cliath in Iarthar na Cathrach, agus an t-áitreabh i Mainistir Fhear Maí a cheannach.

Bainistíocht Airgeadais Buiséid agus Cuntais Bainistíochta

Rinneadh i rith na bliana 2014 buiséid mhionsonraithe a ullmhú do gach Rannóg faoi leith agus iad sin a chomhdhlúthú i mbuiséad deiridh IFI a ndearna an Bord agus an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach (SMT) é a aontú. Cuireadh cuntais bainistíochta faoi bhráid an Bhoird agus an SMT de réir na míosa mar aon le tráchtairacht ar an bhfeidhmíocht i gcomórtas leis an mbuiséad. Anuas air sin, rinneadh athbhreithniú mion ar chuntaisí bainistíochta ag gach chruinniú den bhFochoiste Iniúchóireachta.

Na Ráitis Airgeadais

Cuireadh Cuntais Airgeadais IFI don bhliain 2013 faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (DCENR) faoin 28 Feabhra 2014 agus faoi bhráid an Aire agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoin 31 Márta 2014 i gcomhlíonadh iomlán na ndualgas faoin reachtaíocht.

An Córas maidir le hOrdú Ceannacháin Leictreonaice a thabhairt i bhfeidhm

Cuireadh an córas Ordu Ceannachain Leictreonaice i gcrích in oifigí uile IFI i rith na bliana 2014 agus mar thoradh tá curtha le héifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí airgeadais ar fud na tíre.



Tionscadail agus Tuairiscí Airgeadais nach den Ghnáthchineál iad

Bhí dhá thionscadal arna n-urrú ag an Aontas Eorpach (AE) ar siúl i rith na bliana 2014. Cuireadh gach éileamh isteach roimh na spriocdhátaí. Speicis ionracha neamhdhúchais príomhthábhachta a rialú agus an bhithéagsúlacht dhúchasach a athshlánú (Speicis Ionracha Neamhdhúchais Príomhthábhachta a Rialú agus an Bhithéagsúlacht Dhúchasach a Athshlánú (CIRB, le ciste faoi INTERREG) a tháinig chun críche ar an 31ú Nollaig 2014. Anuas air sin, roghnaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go randamach Tionscadal an Bhric Ghil sa Mhuir Cheilteach (CSTP, le ciste faoi INTERREG) agus rinne Údarás Iniúchta Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) iniúchadh air.

B'ionann an chistíocht ón AE de réir mar a luaitear sna ráitis airgeadais go dtí an 31 Nollaig 2014 agus €324,824.

Áitribh

B'iad na bearta áitribh ba mhó a bhain leis an Rannóg Airgeadais ná ceannach an áitribh i Mainistir Fhear Maí, briseadh i bhforálacha an léasa d'áitreabh Shoirde agus an t-anchaoi a tharla dá bharr, chomh maith le feistiú na Ceanncheathrún nua agus cúnamh a tugadh maidir le háitreabh nua trádstórais a aimsiú.

Caitheadh €3.173 milliún maidir le sócmhainní a cheannach i rith na bliana 2014. Is le feistiú na n-áitreabh nua in Iarthar na Cathrach, i Leitir Ceanainn agus i Ros Mhic Thriúin agus le ceannach áitribh nua i Mainistir Fhear Maí a bhain €1.5 milliún den chaiteachas seo.

Soláthar

Bhí gnáis soláthair á gcur i bhfeidhm go docht agus, i gcuid mhór cásanna, ba trí chórais Rialtais arna gcur ar bun ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair nó trí thairseach tairiscintí eTenders a ceannaíodh na sócmhainní. Tríd is tríd, ba cásanna inar theastaigh sócmhainní de chineál sainiúil faoi leith nó cásanna force majeure a bhí i gceist nuair nach ar na bealaí sin a rinneadh an ceannachán. Lean an lucht bainistíochta den chultúr tréan luach ar an airgead atá i réim ar fud na heagraíochta a chothú.

Pleanáil Airgeadais

Bainistíocht ar chúrsaí Airgeadais agus Cistíochta

D'éirigh leis an Rannóg Airgeadais, i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) a dtagtar faoina coimirce, na coinníollacha cistíochta, ó thaobh straitéise agus oibriúcháin, a shásamh i rith na bliana 2014.



Cistí na bliana 2014

Fuair IFI deontas €24,417 milliún ón státchiste sa bhliain 2014, a raibh €15.654 milliún de á chur i leith pá, i gcomparáid le €17.617 milliún sa bhliain 2013, €19.1 milliún an costas iomlán a bhí ann i leith pá sa bhliain 2014. Ghnóthaigh IFI deontas caipitil €0.743 milliún freisin. Ghnóthaigh IFI €4.1 milliún ó fhoinsí eile i rith na bliana 2014 laghdú 10% ón mbliain 2013. Chuidigh an t-airgead seo leis an mbearna a líonadh idir an deontas pá agus an méid pá a íocadh.

Ghnóthaíodh €0.51 milliún eile trí Chiste Chaomhnú an Bhradáin i rith na bliana 2014. Tá leagtha amach an ciste sin a dháileadh i rith na bliana 2015 trí infheistíocht maidir le caomhnú agus athshlánú réimsí iascaigh agus gnáthóga ina mbionn an bradán agus an breac geal. Beidh roinnt de na cistí sin á gcur ar fáil do chumainn slatiascaireachta, do chónaidhmeanna agus d'eagraíochtaí eile den chineál sin.

Teicneolaíocht an Eolais & na Cumarsáide (TEC) Aistriú infrastruchtúr TEC ó Shord go hIarthar na Cathrach.

Ba é aistriú sásúil den infrastruchtúr TEC ó Shord go hIarthar na Cathrach an chéad cheann den dá mhórhionscadal ar tugadh faoi in 2014. Chomh maith leis an ualach ollmhór de chrua-earraí, de cháblú, agus de línte/ plátaí cumarsáide, bhí modúil eile le haistriú freisin, leithéidí an Phacáiste Airgeadais agus an córas ríomhphoist atá in úsáid ag seacht n-oifig Cheantar Abhantraí (RBD), agus le sárphleanáil, níor tharla nóiméad neamhfhónaimh in aon áit sa tír.

Córas teileafóin le prótacal idirlín guthaithe (VoIP) a chur i bhfeidhm

Córas teileafóin nua le VoIP a cuireadh i bhfeidhm sna hoifigí uile an dara mórhionscadal a bhí ann. Tá seacht n-oifig RBD, in ionaid chuí ar fud na tíre, sa chóras teileafóin anois. Is é an chiall atá leis seo ná gur féidir leat glaoch ó oifig Chluain Meala a aistriú go hoifig Bhaile an tSionainn gan chostas, caitear le glaoanna idir na hoifigí amháin is gur folíne sa bhfoirgneamh atá ann. Chomh maith leis an bhfobairt seo, cuireadh gréasán Wi-Fi i gcrích in oifigí poiblí uile IFI. Leis seo is féidir le lucht foirne gluaiseacht ó oifig Ceantair go hoifig Ceantair eile gan stró agus a bhfillteáin gréasán a rochtain. Tá IFI ar cheann den líon beag seirbhísí poiblí/ sibhialta a d'éirigh leo an gníomh seo a bhaint amach.



Rialachas

Leanadh i rith na bliana 2014 de pholasaithe agus nós imeachta a leagan amach chun cur leis an dea-rialachas corparáide agus an sárchleachtas a léiriú. Tugadh faoi na nósanna imeachta a leanas:

- Cuireadh an dréacht de Thuarascáil Bhliantúil 2013 faoi bhráid DCENR roimh an spriocdháta faoin reachtaíocht
- Eagraíodh ceithre cinn de chruinnithe de chuid an Choiste Iniúchta i rith na bliana 2014.
- Rinne IFI comhordú maidir le freagraí ar 105 Ceist Parlaiminte.

Iniúchadh Inmheánach

Rinne na hiniúcháirí inmheánacha, RSM McClure Watters, méid áirithe iniúchtaí inmheánacha i rith na bliana 2014. Rinneadh iniúchadh ar na hábhair seo a leanas: athbheithniú ar chabhlacha na n-ionad, Fíorú na Sócmhainní Seasta, Airgead agus Banc, soláthar áitiúil agus bainistíocht na sócmhainní urghafa. Chinntigh RSM McClure Watters go bhfuil córais leagtha amach chun a dhearbhu gur féidir na príomhchórais airgeadais a bhaint amach.

Comhaltaí an Bhoird

An tUasal Brendan O'Mahony	(Cathaoirleach) arna cheapadh le héifeacht ón 1 Iúil 2010 (Tréimhse 5 bliana)
An tUasal Lal Faherty	arna cheapadh le héifeacht ón 1 Iúil 2010 (Tréimhse 5 bliana)
An tUasal John Geary	arna cheapadh le héifeacht ón 3 Samhain 2010 (Tréimhse 5 bliana)
An tUasal Marcus McMahon	arna cheapadh le héifeacht ón 17 Samhain 2010 (Tréimhse 5 bliana)
An tUasal Michael McGreal	arna cheapadh le héifeacht ón 3 Samhain 2010 (Tréimhse 4 bliana)
Ms Muireann O'Neill Uasal	arna cheapadh le héifeacht ón 7 Nollaig 2010 (Tréimhse 4 bliana)
An tUasal Peter John Nally	arna cheapadh le héifeacht ón 10 Meán Fómhair 2013 (Tréimhse 5 bliana)
An tUasal Fintan Gorman	arna cheapadh le héifeacht ón 10 Meán Fómhair 2013 (Tréimhse 5 bliana)
An tUasal Martin McEnroe	arna cheapadh le héifeacht ón 26 Feabhra 2014 (Tréimhse 5 bliana)
An tUasal Niall Greene	arna cheapadh le héifeacht ón 1 Iúil 2014 (Tréimhse 5 bliana)
An Dr Ciaran Byrne	Príomhfheidhmeannach agus comhalta ex-officio faoin reachtaíocht ón 1 Iúil 2010.

An freastal ar chruinnithe an Bhoird in 2014

Tionóladh aon cheann déag de chruinnithe Boid idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014. Bhí ceathrar den naonúr comhaltaí, agus an comhalta ex officio san áireamh, i láthair ag iomlán na haon chruinniú déag, duine amháin ag deich gcinn den aon chruinniú déag, duine amháin ag naoi gcinn den aon chruinniú déag, agus duine amháin ag ocht gcinn den aon chruinniú déag. Maidir leis na comhaltaí a d'fhág an Bord, bhí duine amháin i láthair ag ocht gcinn den naoi gcruinniú agus bhí duine amháin i láthair ag seacht gcinn den deich gcruinniú. Maidir le comhaltaí nua an Bhoird 2014, bhí duine amháin i láthair ag deich gcinn den deich gcruinniú agus bhí duine amháin i láthair ag ceithre cinn den chúig chruinniú.

An Fhoireann Bainistíochta

An Dr Ciaran Byrne	Príomhfoigeach Feidhmiúcháin
An tUasal Pat Doherty	Ceannasaí, Cúrsaí Airgeadais agus TEC
An tUasal Kieran Murphy	Ceannasaí, Acmhainní Daonna
An Dr Greg Forde	Ceannasaí, Bearta Feidhmiúcháin
An Dr Cathal Gallagher	Ceannasaí, Taighde & Forbairt
Ms Suzanne Champion	Ceannasaí, Forbairt Gnó

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn

Ráiteas an Chathaoirligh faoin Rialú Airgeadais Inmheánach



Agus an ráiteas seo á leagan amach agam, bhíothas ag brath ar ábhar a chuir lucht bainistíochta lascach Intíre Éireann ar fáil agus ar an dearbhú a thug lucht iniúchadh inmheánach. I rith an tréimhse idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014, bhí Bord IFI freagrach as a chinntiú go raibh córas cuí don rialú airgeadais inmheánach i bhfeidhm laistigh den Ghníomhaireacht.

Dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, is féidir a thabhairt leis na córais a bhí i bhfeidhm ag an mBord go ndearnadh na sócmhainní a chosaint, go ndearnadh idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndearnadh earráidí nó mirialtacht ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas don rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar chreatchóras lenar bhain faisnéis bhainistíochta a chur ar fáil go rialta, gnáis riaracháin lena n-áirítear deighilt maidir le dualgais, agus córas tarmilgthe agus cuntasachta. Bhí ag baint leis go háirithe:

- Pleananna straitéiseacha agus buiséid bhliantúla a bhí formheasta ag an mBord.;
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéil lena ndearnadh athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcomórtas leis an mbuiséad agus a ndearnadh a meas ag gach cruinniú Boird.;
- D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus Ceannasaithe Feidhmeannais ar chruinnithe den bhainistíocht shinsearach uair sa mhí chun an fheidhmíocht a scrúdú i gcomórtas leis an mbuiséad agus saincheisteanna airgeadais a raibh tionchar acu ar an eagraíocht a phlé.
- Sraith dhaingean de nósanna imeachta a leasaíodh le déanaí;
- Feidhm maidir le hiniúcháireacht inmheánach trína ndearnadh monatóireacht ar an gcloí le polasaithe agus le gnáis oibre agus ar éifeachtúlacht na modhanna rialaithe inmheánacha a chuirtear i bhfeidhm laistigh den eagraíocht. Le Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta a rinne an t-iniúcháir inmheánach tuairiscíocht;
- Coiste Iniúcháireachta ar a raibh ar a laghad triúr comhaltaí den Bhord agus a thionóil cruinniú ceithre huaire i rith 2014. Áirítear ar dhualgais an Choiste sin:
 - a) athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad.
 - b) plé de réir mar is cuí le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
 - c) plé ar aon fhadhb nó ar aon ábhar amhrais a thagann chun cinn mar gheall ar an iniúchadh inmheánach nó ar an iniúchadh seachtrach agus ar aon ní is mian leis na hiniúcháirí a phlé leis an gcoiste (gan an lucht bainistíochta i láthair más mar sin is gá).
 - d) athbhreithniú a dhéanamh ar litir bhainistíochta an iniúcháir seachtraigh maille le freagra an luchta bainistíochta ina leith.
 - e) athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánacha an Bhoird agus aird faoi leith ar chistí de chuid an AE.
 - f) torthaí tábhachtacha aon fhiosrúchán a dhéantar go himmheánach a mheas maille le freagra an luchta bainistíochta ina leith.
 - g) ceisteanna eile a bhaineann le hábhar, de réir mar a leagann an Bord amach, a mheas.

Tugann Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta tuairiscí don Bhord.



Is é an Bord a dhéanann cinntí móra straitéiseacha agus bíonn cruinnithe boird go tráthrialta ann chun monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí feidhmiúlachta agus ar phleananna. Is de réir an chúraim a leagann an Bord orthu amháin a fheidhmíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin agus sin d'fhonn polasaithe agus socruithe an Bhoird a thabhairt i gcrích. Bíonn comhairleoirí gairme an Bhoird ar fáil ag an mBord chun dul i gcomhairle leo de réir mar is gá.

I ndáil leis an tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014, rinne an Bord athbhreithniú foirmeálta ar éifeachtúlacht an chórais don rialú airgeadais inmheánach.

Cosúil le comhlachtaí uile na ranna poiblí, tá IFI ag leanacht d'aghaidh a thabhairt ar an mbaol go bhfuiltear ag brath an iomarca ar dhaoine aonair ríthábhachtacha mar gheall ar chúinsí seachtaracha áirithe. Bíonn lucht bainistíochta ag déileáil go leanúnach leis an mbaol, ach seans nach mbeidh sé indéanta a leithéid a dhéanamh amach anseo.

Brendan O'Mahony Cathaoirleach

INLAND FISHERIES IRELAND

INCOME AND EXPENDITURE ACCOUNT
FOR THE 12 MONTHS TO 31 DECEMBER 2014

	Notes	2014	
		€	€
Income			
State and EU Funding			
Operating grants	1	24,417,000	
Net deferred funding for pensions	12c	3,970,080	28,387,080
Other Income	2		4,177,793
Transfer from / (to) Capital Account	10		(1,509,622)
			<u>31,055,251</u>
Expenditure			
Administration	3		5,810,180
Operations	4		<u>27,312,545</u>
			<u>33,122,725</u>
Surplus / (Deficit) for the year			(2,067,474)
Surplus / (Deficit) at 1 January			8,712,841
			<u><u>6,645,367</u></u>

STATEMENT OF TOTAL RECOGNISED GAINS AND LOSSES
FOR THE 12 MONTHS TO 31 DECEMBER 2014

		2014 €
(Deficit)/surplus for the period		(2,067,474)
Experience (losses) / gains on pension scheme liabilities		(828,000)
Changes in assumptions underlying the present value of pension scheme liabilities		(14,481,000)
Actuarial (loss)/gain on pension liabilities	12b	(15,309,000)
Adjustment to Deferred Pension Funding		15,309,000
Total Recognised (loss)/gain for the period		<u><u>(2,067,474)</u></u>



Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Aguisíní





Aguisín I

Tuarscáil faoi Smacht ar Thrailliú agus faoi Cháilíocht an Uisce 2014

Smacht ar Thruailliú & Cáilíocht an Uisce	ERBD	SERBD	SWRBD	SHRBD	WRBD	NWRBD	Iomlán
Tuairiscí faoi Shlad ar Iasc	8	2	3	4	1	4	22
Slad Éisc mar gheall ar Nósanna Talmhaíochta	0	0	0	2	0	1	3
Slad Éisc mar gheall ar Chúrsaí Tionsclaíochta	3	0	0	0	0	0	3
Slad Éisc mar gheall ar Oibreacha Bardasacha	0	0	0	1	0	2	3
Eile	4 1**	2	3	1	1	1	13
Líon na Samplaí Uisce a bailíodh	50	86	120	1,904**	339**	502**	3001

* Eile: nuair nach deimhin an chúis i roinnt cásanna, teocht ard agus leibhéal íseal uisce an chúis a mheastar,

** ERBD: Draenáil Mianaigh Algéid Abhóca.

** NWRBD: Áirítear leis i bhfíor 502 samplaí a bailíodh mar chuid den chlár leanúnach maidir le sampláil ar an uisce ar Loch Éirne Uachtarach

** SHRBD: Áirítear leis i bhfíor 1904 sampláil maidir le caighdeán an uisce mar chuid den mhonatóireacht leanúnach atá á dhéanamh ar Loch Síleann, Co. na hIarmhí

**WRBD: Áirítear leis i bhfíor 339 samplaí a tógadh mar chuid den ghnáthmhonatóireacht locha le haghaidh ceadúnas sceite maidir le gorlann éisc Chonga agus gorlann éisc Uachtar Ard

TUAIRSICÍ FAOI SHLAD AR IASC

AINM AN DOBHARLAIGH

Abhainn an Abhóca ERBD

Abhainn an tSléibhe ERBD

Abhainn an Ladhar ERBD

Abhainn na Tulchann ERBD

Loch Ioma ERBD

Abhainn na Tulchann ERBD

Abhainn na Tulchann ERBD

Abhainn an Teampaill Ghil ERBD

Fo-abhainn neamhainmnithe Abhainn na Siúire ag Cluain Meala SERBD

Abhainn Mall (Abhantrach na Siúire) SERBD

Monarcha cóireála fuíolluisce an Chabháin NWRBD

Tulaigh Chuach (Abhainn an Láithrigh) NWRBD

Loch Bhaile an Mhuilinn, Searcóg NWRBD

AINM AN DOBHARLAIGH

NWRBD Monarcha cóireála fuíolluisce Theach na dTrí Mhíle

WRBD Abhainn na Daolte

ShRBD An Abhainn Ghlas, Tairbeart, Co. Luimnigh

ShRBD An Lúbach, Bóthar na bPotairi, Co. Luimnigh

ShRBD Coillte, Cuan Cheathrú na gCros, Co. an Chláir

ShRBD Litir, Biaille, Co. Chiarraí

SWRBD Sruthán Spá Dhaingean Uí Chúis

SWRBD An Dubhabhainn, Mala

SWRBD Baile an Chollaigh

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Aguisín II

Oibreacha Forbartha maidir leis an tSlatiascaireacht 2014

Oibreacha Forbartha maidir leis an tSlatiascaireacht	ERBD	SERBD	SWRBD	SHRBD	WRBD	NWRBD	Iomlán
Líon na dTionscadail maidir le hÁiseanna Slatiascaireachta	6	2	6	12	11	59	96
Infheistíocht in Áiseanna Slatiascaireachta € (gan Tionscadail maidir le Caomhnú an Bhradáin a áireamh)	€7,500	*€75,000	**€4,000	€102,700	€24,425	€51,600	€265,225
Líon na Stileanna, na nDroichead Coisithe agus na nArdán ar cuireadh cinn nua ina n-áit	4	10	0	20	37	98	169
Líon na Spásanna Nua Breise lascaireachta a Cruthaíodh	35	20	0	22	4	240	321
Líon na nIasc Garbh a aistriodh idir na ceantair	3,000	0	0	363	1,326	71	4,760

* SERBD: Chuir clubanna slatiascaireachta pontúin i gcrích ar Loch Bhaile Sheonaic €15,000 agus ar Loch Chnoc an Doire €60,000 a rinneadh a mhaoiniú faoi chiste an Chomharchumainn agus faoi mhaoirseacht an IFI.

**SWRBD: Bhain sé chinn de thionscadail le hobair chothabhála agus le hobair dheisiúcháin ar struchtúir atá ann cheana, mar sin níor cuireadh leis na spásanna slatiascaireachta.



Aguisín III

Maoiniú Leithdháilte do Thionscadail ó Chiste Chaomhnú an Bhradáin 2013

	Maoiniú Leithdháilte do Thionscadail IFI - Ciste 2013	Leithdháilte
1	Measúnacht maldir le Teorainn Caomhantais an Bhradáin 2014 a Bhaint Amach.	€83,270
2	Áiritheoir Bradán Iascach Leacaigh (Oibreacha coimhdeacha), Co. Dún na nGall.	€10,000
3	Forfheabhsú ar Shruthán Boluisce, Co. na Gaillimhe.	€9,830
4	Clár Bhainistiú ar Inshruth an Mhoiltín 2014, Co. Thiobraid Árann	€15,000
5	Áiritheoir Éisc Abhainn na Forghaise, Inis, Co. an Chláir.	€30,264
6	Clár Clibeála Abhainn na Bóinne - Céim 5, Co. na Mí.	€12,400
7	Athchóiriú Bhealach Éisc ar Abhainn an Rí (Fo-abhainn na Life), Co. Chill Dara	€5,200
8	Forfheabhsú ar Abhainn Dhún Coillín, Cill Tulach 2014, Co. na Gaillimhe.	€16,850
9	Sainchomhairleoireacht don bhealach éisc mhoilta ar an Abhainn Bhán, Dún Léire, Co. Lú.	€4,000
10	Forfheabhsú ar Chúrsaí Sceithe ar Abhainn na Life, Co. Chill Dara.	€3,100
11	Oibreacha Fhorfheabhsúcháin ar Abhainn an Chillín (Dobharcheantar na Simhine), Co. na Gaillimhe.	€34,512
12	Scrúdú ar Bhacainní Abhainn na Sionainne - Céim 2	€20,628
13	Tionscadal Áiritheoir Éisc ar Abhainn Ghabhla, Co. na Gaillimhe.	€30,415
14	Forfheabhsú na Coiribe 2014, Co. na Gaillimhe.	€65,044
	Iomlán	€340,513

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Maoiniú Leithdháilte do Thionscadail ó Chiste Chaomhnú an Bhradáin 2013

Maoiniú Leithdháilte do Thionscadail Rannpháirtithe - Ciste 2013 Leithdháilte		
15	Forfheabhsú ar Abhainn an Leasa Léith, Co. an Chabháin	€14,939
16	Forfheabhsú ar Chúrsaí Sceithe & ar Locháin 2014, Co. Chill Mhantáin.	€4,795
17	Athshlánú ar an Abhainn Bhuí Céim 2	€15,000
18	Feabhsú ar Phríomhshruth na hAbhainn Duibhe (Céim 4)	€15,000
19	Forfheabhsú ar an Abhainn Rua Céim 2	€5,755
20	Feabhsú ar bhealach éisc ar Abhainn Ghleann Darach, Co. Mhaigh Eo.	€15,000
21	Clár Fhorfheabhsúcháin an Teara (Prúnáil)	€12,000
22	Athshlánú ar Abhainn Charna	€5,188
23	Athshlánú ar lascach Ros na Rí	€3,171
24	Tionscadal Forfheabhsúcháin ar Insruth Dhroim Salach	€3,116
25	Athshlánú ar limistéir Sceithe Bradán ar an nGaiothach	€7,952
26	Tionscadal Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan	€5,448
27	Tionscadal Forfheabhsúcháin Bradán in Insruth Chill Fhoibhrigh	€12,642
28	Abhainn Teisne Céim 2 + Tógáil Bhealach Éisc ar Abhainn Chróibh & Forfheabhsú ar Bhruach, Abhainn Ghlinne	€15,000
29	Tionscadal Athshlánú ar lascach an Aird Chruinn	€6,000
30	Oibreacha Cosanta ar Bhruach Eastát DeVesci	€15,000
31	Glanadh agus oscailt bhun abhainn Ghoirtíní	€5,700
32	Oibreacha Athshlánú ar Abhainn Ghleann Dá Thorc– Céim 1	€15,000
33	Oibreacha Fhorfheabhsúcháin ar Abhainn Dhubhachta	€12,750
34	Athshlánú ar Chlais Sceithe	€392
35	Cosaint Abhainn an Chnoic	€10,000
36	Forbairt Abhainn Chaisleán Fhraing ar Abhainn Átha Féan	€4,654
37	Gairbhéal Cailcithe ar Abhainn an Mhartraí agus ar an Abhainn Bhuí	€750
38	Plean Forbartha le haghaidh lascach na Cranncha	€15,000
39	Feabhsaithe ar Dhrom Raithin (lascach Carraigfhoraois)	€11,231
Iomlán		€231,483



Aguisín IV

Ceadúnais Bhradán & Iascach faoi Bhainistíocht IFI

Líon na gCeadúnas Slatiascaireachta Bradán & Breac Geala a eisíodh	ERBD	SERBD	SWRBD	SHRBD	WRBD	NWRBD	Iomlán
	1,073	1,226	4,422	871	7,521	3,004	18,117

Líon na gCeadúnas Tráchtála Bradán a eisíodh

Líon Tarraingthe Príobháideach	0	0	11	1	2	0	14
Líon Tarraingthe Poiblí faoin Ordú faoi Rialú Iascaireacht Bradán (CFSO)	0	0	30	31	17	10	88
Líon Tarraingthe Speisialta Áitiúil	0	0	0	12	13	8	33
Smeachlón	0	32	4	0	0	0	36
Eile	0	0	1	0	0	0	1
Iomláin	0	32	46	44	32	18	172

Líon na gCeadúnas Déileálaí a eisíodh

Déileálaí Bradán / Breac	57	23	33	13	37	11	174
Déileálaí Moileasc	68	23	27	25	22	6	171
Ceadúnais Dreidireachta Oisre	0	0	0	0	95	24	119

Iascach faoi Bhainistíocht IFI

Líon na nIascach faoi Bhainistíocht	1	0	12	25	10	8	56
Teacht isteach €	€1,720	0	€95,437	€108,951	€305,708	€33,585	€545,401

Caomhnú, Cosaint, Forbairt, Bainistiú agus Cur Chun Cinn



Aguisín V

Clár Oiliúna agus Forbartha 2014

	Lion na Rannpháirtithe	Fad na hOiliúna (Laethanta)	lomlán na nDaonlaethanta Oiliúna
Roithleáin Scríobacha	26	0.5	13
Ceardlann Riaracháin	1	1	1
Oiliúint ar Mheasúnú Cuí	7	1	7
Oibriúcháin Bháid - Bunchúrsa	48	9	432
Oibriúcháin Bháid - Ardchúrsa	48	8	384
Oiliúint ar Thumadh in Uisce Fuar	50	1	50
Bainistíocht Coinbhleachta	38	3.5	133
Clár Oiliúna AFR ar Rialachas Corparáide	2	1	2
Cosaint Sonraí	94	1	94
Leictriascaireacht	36	5	180
Clár ullmhaithe le haghaidh Oifigigh lascaigh	41	1	41
GIS 9.1 Bunúsach/ Tosaigh	3	2	6
Oiliúint Ionduchtúcháin	41	0.5	20.5
Ionduchtúchán (AD)	17	1	17
Sláinte Cheirde Inmheánach & Córas Bhainistiú Sábháilteachta Audi Jetski K38	1	5	5
8	2	16	
Scileanna Cadhc- Leibhéal 2	18	3	54
Tiomáint Easbhóthair 4x4	47	2	94
LAST: Oiliúint agus Eolaíocht Ainmhithe Saotharlann	6	2	12
LAST Máinliacht: Oiliúint agus Eolaíocht Ainmhithe Saotharlann	1	2	2
Bainistiú Sábháilteachta	4	5	20
Láimhseáil agus Ionramháil	12	0.5	6
Garchabhair Oibre - FETAC Leibhéal 5	161	3	483
Oiliúint Feasachta ar Lotnaidicíd	1	1	1
Oiliúint Feasachta ar Lotnaidicíd -Leibhéal 2 Cathair agus Gildeanna	6	2	12
CBFF Céim 3	1	1	1
Oiliúint OP	11	0.5	5.5
Bainistíocht Tionscadail	10	2	20
PST	33	1	33
PWC - Patrick Buck	2	2	4
Oiliúint Cuadrothair	2	2	4
Teastas Gearr-raoin d'Oibreoirí Raidió	1	1	1
Cúrsa Scoir	11	2	22
Úsáid Éifeachtach agus Shábháilte maidir le Fearas Leictreaiascaireachta	1	1	1
Pas Shábháilte	43	1	43
Céad Fhreagróir i gcás Uisce Tréansrutha & Tuile	30	2	60
Snámh	2	1.5	3
Bainistíocht Ama	25	1	25
Feasacht maidir le hUisce & Tuile	4	2	8

Acmhainn lascach Intíre agus Slatiascaireacht Farraige na hÉireann



Aguisín VI

Mileáiste agus Costais Chothaithe & Táillí a íocadh le Comhaltaí Boird IFI in 2014

Comhalta Boird	Mileáiste & Cothabháil	Táillí* Cúitimh
	Euro €	Euro €
Brendan O'Mahony (Cathaoirleach)	8,607	11,970
Lal Faherty ^{1,2,3}	9,826	7,695
John Geary ³	3,534	7,695
Michael McGreal *** ³	5,579	6,466
Marcus MacMahon ^{2,3}	3,599	5,585
Muireann O'Neill **** ¹	4,760	
Peter John Nally ^{1,3}	5,110	7,695
Fintan Gorman ^{1,3}	8,162	2,556
Martin McEnroe* ³	5,891	6,536
Niall Greene **	1,327	3,848
Dr Ciaran Byrne (Comhalta Boird Ex officio)	12,757	
IOMLÁN	69,152	60,046

Déanann Comhaltaí ar leith fónamh freisin ar Fhochoistí Boird:

1 rinne fónamh freisin ar an bhFochoiste Iníúchta

2 rinne fónamh freisin ar an bhFochoiste Áitreabh

3 rinne fónamh freisin ar an bhFochoiste Forbartha

* téarma an cheapacháin chúig bhliana ón 26ú Feabhra 2014

** téarma an cheapacháin chúig bhliana ón 1ú Iúil 2014

*** tháinig deireadh le téarma an cheapacháin chúig bhliana an 2ú Samhain 2014

**** tháinig deireadh le téarma an cheapacháin cheithre bliana an 30ú Meitheamh 2014

